
Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

# Dréacht-Athbhreithniú Straitéiseach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce

## Anailís ar Aighneachtaí a Fuarthas

Nollaig 2019



# Réamhrá

Tá áit shuntasach ag Páirc an Fhionnuisce i samhlaíocht agus stair gach duine in Éirinn nach mór. Is mó duine a bhfuil cuimhní geanúla acu ar chuairt a tugadh ar an láthair seo a bhfuil an oiread sin grá ag daoine air, ag iarraidh radharc a fháil ar na fianna nó ar Leacht Wellington. Is mó duine eile a fhéachann ar an bPáirc mar éalú ó dhúshláin shaol na cathrach, spás mór oscailte ar an dtairseach a thugann sult agus spraoi chomh minic agus is féidir. Is iomaí uair a thugtar 'Scámhóg Ghlas' Bhaile Átha Cliath ar Pháirc an Fhionnuisce, mar tugtar deis do chách gníomhú leis an dúlra agus an saol lasmuigh i gcroílár na hardchathrach. Tá lámh ag gach duine againn i dtodhchaí na Páirce, is cuma an i gcéin nó i gcóngar atáimid.

Nuair a cruthaíodh Páirc an Fhionnuisce bhí sé ar chomhéid na cathrach; féachtar fós uirthi mar cheann de na páirceanna cathrach faoi bhallaí is mó san Eoraip. Ba é an Rí Séarlas II a thug cead in 1662 fialann a chruthú anseo, ach is mó atá sé bunaithe ar leagan amach a dhéan Decimus Burton in 1833, faoi stiuradh an Viscount Duncannon, Príomh-Choimisinéar. Cuireadh de chúram air siúd moltaí a dhéanamh maidir le 'feabhsú láithreacha na Páirce a bhí ar fáil don phobal um chaitheamh aimsire, ag cur san áireamh nach raibh aon Pháirc eile ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Cliath um scíth shláintiúil...'

De réir mar a tháinig fás agus athrú ar Chathair Bhaile Átha Cliath le himeacht na mblianta, tá méadú tagtha ar líon na gcuairteoirí agus brú an phobail ar an bPáirc. Ins na blianta atá romhainn méadóidh an daonra agus líon na gcuairteoirí; cuirfear brú breise ar áiseanna agus ar bhithéagsúlacht na Páirce mura ndéantar na hathruithe is gá a bhainistiú ar bhealach dearfach. Tuigeann an OPW, ar a bhfuil an cúram an Pháirc a bhainistiú ar son an Stáit agus an Phobail, gurbh é an dúshlán bunúsach ná iomláine stairiúil na Páirce a chaomhnú i bhfianaise brú atá ag méadú agus an gá atá ann na héilimh chontrátha a chothromú. Acmhainn luachmhar ach teoranta is ea Páirc an Fhionnuisce. Sa phróiseas pleanála don Pháirc amach anseo, tá fáilte roimh thuairimí agus moltaí uait agus beidh siad san mar bhonn eolais againn maidir le conas is féidir áiseanna na Páirce a neartú feasta.

**John McMahon**
Coimisinéar OPW

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá | | 3 |
| 1. | Achoimre Fheidhmeach | 6 |
| 2. | Intreoir | 9 |
| 3. | Príomhthorthaí agus Tuairimí an OPW | 10 |
| 4. | Conclúidí agus na Chéad Chéimeanna Eile | 27 |
| Aguisín: Tuarascáil BSM agus Anailís mionsonraithe aighneachtaí | | 29 |


Foireann Réadmhaoine Stairiúla Náisiúnta an OPW a d'ullmhaigh an tuarascáil seo. Rinne Brady Shipman Martin anailís staidrimh ar na haighneachtaí.

# 1. Achoimre Fheidhmeach

Léirigh suirbhé neamhspleách *Behaviour & Attitudes* in 2017 go raibh cuairteoirí an-shásta leis an bPáirc (meánscór 9.15, le scór 10/10 ó 45% de chuairteoirí). Bhí cuairteoirí sásta le himeachtaí lasmuigh, an t-aer folláin agus scíth an tsaoil. Tharraing Caifé an Fhionnuisce agus an Garraí Cistine Victeoiriach aird ar an ionad cuairteoirí.

Ach bhí scór íseal ag na háiseanna poiblí, agus bhí easba eolais imeasc cuairteoirí maidir le háiseanna laistigh den Pháirc. Is gá na leithris ag an ionad cuairteoirí a shrianadh le linn mórócáidí toisc nach féidir leo freastal ar shluaite móra. Tá áiseanna an Ionaid Léirmhíniúcháin breis agus 30 bliain d'aois agus ní féidir leis an Caifé freastal ar an éileamh. Is gá uasghrádú suntasach ar áiseanna ilrochtana ar fud na Páirce. Is beag eolais atá ag cuairteoirí idirnáisiúnta ar an bPáirc.

Bunaithe ar na torthaí seo, rinneadh athbhreithniú iomlán ar acmhainn na Páirce maidir le freastal ar riachtanais chuairteoirí, anois agus amach anseo. Cuireadh an Dréacht-Athbhreithniú Straitésieach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce ar taispeáint phoiblí ag Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce i mí na Márta 2019 agus tugadh cuireadh don phobal aiseolas a thabhairt ar a raibh ann. Bhíothas ag súil go ligfeadh an próiseas neamhreachtúil seo do phobail áitiúla, páirtithe leasmhara agus daoine nó grúpaí bainteacha eile tuairimí a chur in iúl maidir leis na dréacht-thograí um eispéireas cuartaíochta sa Pháirc a bhreisiú amach anseo. Tugadh aird leathan ar an dréacht-athbhreithniú ón bpobal, ó na meáin agus ó ionadaithe tofa. Gabhann an OPW buíochas le gach duine a ghníomhaigh leis na doiciméid agus a chuir tuairimí agus léargais luachmhara chun cinn um breathnú againn.

Léirigh cuid mhór de na haighneachtaí an tuairim go bhfágfaí an Pháirc mar atá agus go gcaomhnófaí saintréithe bunúsacha na Páirce. Tá sé seo ag teacht le Plean 2011 um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce agus tacaíonn sé leis.

I bPlean 2011 um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce leagtar amach na treoirphrionsabail maidir le fís fhadtéarmach caomhantais don Pháirc; is tábhachtach a bhéimniú gur i bhfianaise na bprionsabail sin amháin a chuirfear chun cinn aon tionscadail um chaomhaontas nó um breisiú áiseanna amach anseo. Is gá é seo chun a chinntiú go gcaomhnófar saithréithe na Páirce feasta. Ina theannta sin, ní bhreathnófar ach ar mholtaí a réitíonn le cleachtais reatha bainistíochta agus a fhéachann um thacú le polasaí reatha maidir le bainistiú agus oibríochtaí na Páirce.

Leag cuid mhór de na haighneachtaí béim ar thábhacht na Páirce mar spás glas agus tearmann bithéagsúlachta. Lárnach i dtuiscint an OPW don Pháirc tá luach na Páirce mar 'scámhóg ghlas' ag Baile Átha Cliath, spás glas criticiúil i gcroílár na cathrach agus tearmann bithéagsúlachta; tá an tuiscint sin mar bhonn don obair ar fad againn i gcaomhnú agus i mbainistiú na Páirce. Tá fáilte croíúil roimh thiomantas agus cás an phobail um chaomhnú bithéagsúlachta na Páirce. Moladh é seo do shaothar an OPW go dtí seo maidir le caomhnú gnáthóga éagsúla ar fud na Páirce – tailte nádúrtha féir, coillte agus bogaigh san áireamh – agus don obair a chinntíonn go ndéantar an tearmann bithéagsúlachta seo a bhainistiú de réir na gcaighdeán is airde. Bíodh a fhios ag an bpobal go bhfuil an OPW tiomanta um luach glas na Páirce a chaomhnú, bithéagsúlacht na Páirce a chaomhnú agus a shaothrú, ár gcuid foghlama agus eolais ar an bPáirc a roinnt le daoine eile agus a chinntiú go gcuidíonn an Pháirc le bearta um athrú aeráide a mhaolú.

Dúradh i gcuid de na haighneachtaí go mbeadh rófhorbairt agus tráchtálú mar thoradh ar na tograí san dréacht-athbhreithniú. Baineann thart faoi 10 milliún duine usáid as an bPáirc gach bliain; caithfidh an OPW a bhreathnú conas a fhreagraítear, nó nach bhfreagraítear, riachtanais an líon sin daoine atá ag dul i iméid i gcónaí. Taispeánann ár gcuid taighde go gceapann líon ard cuairteoirí go bhfuil na háiseanna míshásúil a bheag nó a mhór. Mar sin, níl de rogha ag an OPW ach áiseanna oiriúnacha a sholáthar – leithris, suíomhanna uisce, áiseanna caifé, eolas treorach, oideachas agus foghlaim.

Tabharfaidh an OPW aird ar leith ar mhian an phobail um spás glas a choinneáil, agus go mbeadh forbairtí nua teoranta agus ag teacht le saintréithe reatha na Páirce.

Ina theannta sin, níl sé ar intinn ag an OPW an Pháirc a thráchtálú trí bhreisiú áiseanna amach anseo. Bíodh an pobal cinnte faoi sin. Dearbhaíonn an OPW gealltanas um bainistiú agus breisiú móthálach na Páirce de réir Phlean 2011 um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce.  Ach caithfidh an OPW breathnú ar bhealaí um fheabhsú an éispéiris cuartaíochta sa chomhthéacs sin.

Tugann an OPW aird ar na haighneachtaí éagsúla maidir le húsáid ghluaisteán sa Pháirc. Ach fuarthas tuairimí difriúla maidir le rochtain ghluaisteán, páirceáil agus úsáid ghluaisteán ar fud na Páirce. Thacaigh cuid acu le húsáid ghluaisteán sa Pháirc a laghdú, ach mhol cuid eile gur gá bealaí comaitéireachta a choinneáil agus carrchlóis bhreise a sholáthar dóibh siúd a thaistealaíonn chun na Páirce. Moladh lárnach san dréacht-athbhreithniú is ea staidéar réthaistil a choimisiúnú ag an OPW um breathnú ar cheisteanna idirghaolmhara mar iompar inbhuanaithe, bainistiú tráchta, soghluaisteacht coisithe agus rothar, roghanna measctha réthaistil agus, ar ndóigh, sábháilteacht an phobail. Tá an OPW tiomanta um é seo a chur chun cinn chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin agus éilimh mhalartacha a bhaineann le bainistiú tráchta agus rochtain sa Phairc.

Bhí cuid de na haighneachtaí go tréan in aghaidh deiseanna miondíola sa Phairc. Tá sé seo tugtha ar aird ag an OPW; bíodh a fhios ag an bpobal nach bhfuil sé ar intinn ag an OPW dul ar aghaidh le forbairtí miondíola de chineál lárchathrach taobh istigh de Pháirc an Fhionnuisce. Ach scrúdaíonn an dréacht-athbhreithniú páirceanna samplacha idirnáisiúnta ina bhfuil suíomhanna beaga miondíola – bia agus earraí ceardaí, earraí speisialta garraí, leabhair, cártaí poist, saothar ealaíne/priontaí – a réitíonn ar éileamh ó chuairteoirí. Bíodh a fhios ag an bpobal go bhfuil an OPW ag breathnú ar réimse teoranta – bia agus earraí ceardaí, agus saothar ealaíne – a bheadh ag teacht le háiseanna nua caifé/bialainne a fhéadfaí a fhorbairt amach anseo.

Tugann an OPW aird ar imní an phobail maidir le carrchlóis bhreise a sholáthar, ach go hairithe maidir le carrchlós sealadach Bloom. Beidh an staidéar réthaistil a luadh cheana mar bhonn eolais le smaointe an OPW maidir le gluaisteáin ag teacht isteach i bPairc an Fhionnuisce.

Bhí tacú suntasach ón bpobal maidir le caomhnú agus forbairt Dhún na hArmlainne mar láthair nua staire míleata taobh istigh den Pháirc. Tá sé geallta le fada ag an OPW an Dún a athchóiriú agus a chur i láthair an phobail mar láthair tharraingteach oidhreachta, le stair shaibhir le haimsiú agus le cuardach. Tuigeann an OPW imní maidir le tréithe agus scála na dtograí, ach bíodh a fhios ag an bpobal go dtugann an OPW tús áite i gcónaí do shláine an struchtúir stairiúil agus a oidhreacht nuair atá láithreacha oidhreachta á n-athchóiriú. Bhí tacú leathan freisin don Droichead Cuimhneacháin ag Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh; cruthódh sé seo naisc do choisithe agus do rothair ó Pháirc an Fhionnuisce ó dheas thar Life chuig Cill Mhaighneann agus Inse Chór.

Bhí roinnt aighneachtaí amhrasach faoi thagairt do Pháirc an Fhionnuisce mar 'tháirge turasóireachta'. I gcathracha ar fud an domhain tá páirceanna móra i gcathracha lárnach maidir le tarraingteacht na gcathracha sin do thurasóirí. Is í Páirc an Fhionnuisce an pháirc iata cathrach is mó san Eoraip ach ar an iomlán is beag eolais idirnáisiúnta faoi agus níl sé ar eolas ach ag an mbeagán cuairteoir roimh theacht go Baile Átha Cliath dóibh. Má chuirtear feabhas ar oidhreacht na Páirce agus ar na háiseanna ann, cuirfear le tarraingteacht na Páirce do chách.

Tuigeann an OPW go raibh daoine míshásta leis an gcaoi inar gníomhaíodh leis an bpobal. Ach go háirithe, bhí daoine míshásta nach raibh an dréacht-athbhreithniú ar fáil ar líne. Ach níor phlean forbartha ná doiciméad reachtúil a bhí anseo agus mar sin ní raibh sé i gceist gur phróiseas foirmiúil chomhairliúcháin a bheadh ann. D'ullmhaigh an OPW an achoimre fheidhmeach agus an taispeántas a ghaibh leis ag an Ionad Cuairteoirí mar chuidiú don phobal breathnú ar mholtaí lárnacha an dréacht-athbhreithnithe. Glacaimid go hiomlán, áfach, le míshástacht an phobail nach raibh ar a gcumas an doiciméad iomlán a fheiceáil ar líne.

Léirigh cuid mhór aighneachtaí imní maidir le scála an mhoil nua do Chuairteoirí atá molta ag Baile an Ásaigh. Is é an dúshlán don OPW ná áiseanna a sholáthar don 1.7 milliún duine a thagann anseo gach bliain sa chás nach bhfuil na háiseanna atá ann faoi láthair den chaighdeán cuí. Athbhreithneoidh an OPW na tograí don Ionad Cuairteoirí i bhfianaise na dtuairimí seo agus breathnófar go cúramach conas na háiseanna atá de dhíth ag cuairteoirí chuig Diméin Bhaile an Ásaigh a sholáthar – leithris, suíomhanna uisce, caifé, spásanna léirmhíniúcháin agus foghlama.

Tabharfar cluas go cúramach leis an méid atá le rá ag an bpobal, ag pobail áitiúla agus ag ár bpáirtithe leasmhara. Beidh na haighneachtaí mar thionchar agus mar bhonn eolais leis an dearcadh éabhlóideach atá againn maidir le conas is fearr is féidir na háiseanna sa Pháirc a bhreisiú amach anseo.

Féachann an OPW le hacmhainneacht Pháirc an Fhionnuisce mar cheann de pháirceanna móra an domhain a thabhairt chun bláth, trí chaomhnú agus uasghrádú cuí ar áiseanna chun tarraingteacht na Páirce a bhreisiú. Rachaidh breisiú dá leithéid chun sochair do chách a úsáideann an Pháirc, idir áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, faoi réir ag ceadú reachtúil pleanála agus soláthar dóthaineach maoine. Tá tús áite tugtha do na gníomhaíochtaí seo a leanas sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma:

1. Plean um Chaomhnú agus Athchóiriú Dhún na hArmlainne a chríochnú, d'fhonn an chuid leithleach seo d'oidhreacht na Páirce a chaomhnú. Cruthóidh sé seo eispéireas nua staire míleata a chuimseoidh siúlán rampair, áiseanna measartha do chuairteoirí agus léirmhíniúchán nua-aoiseach.

2. Staidéar mionsonraithe Iompair agus Réthaistil a choimisiúnú, a dhéanfaidh athbhreithniú ar úsáid fheithiclí, áiseanna agus ceisteanna maidir le rothaíocht agus coisithe, soláthar páirceála, maolú tráchta, naisc iompair phoiblí, roghanna inbhuanaithe iompair agus freagraí ar dhúshláin reatha soghluaisteachta i bPáirc an Fhionnuisce.

3. Pleananna cuí a fhorbairt um breisiú ar Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce, a chuimseoidh mol fáiltithe agus treoraithe, áiseanna bialainne/caifé, ionad Eolaíochta agus Foghlama, feabhsú ar leithris agus páirceáil le haghaidh busanna, gluaisteáin agus rothair taobh istigh de theorainn Dhiméin Bhaile an Ásaigh.

# 2. Intreoir

Inniu, cuimsíonn Páirc an Fhionnuisce achar 700 heicteár – tírdhreach leithleach nádúrtha agus cultúrtha, páirc stairiúil agus páirc chathrach. Is láthair í le haghaidh réimse imeachtaí agus taitneamhachtaí agus suíomh roinnt institiúidí agus áitribh thábhachtacha. Is acmhainn don Pháirc bheith ar cheann de 'thaitneamhachtaí' mórpháirce an domhain ina bhfuil meascra iontach imeachtaí lasmuigh, mórshuíomhanna stairiúla, bithéagsúlacht shaibhir agus suíomhanna seanbhunaithe do chuairteoirí mar Zú Bhaile Átha Cliath.

In 2017, chuaigh an OPW i gcomhpháirtíocht le Fáilte Ireland d'fhonn clár um infheistíocht chaipitiúil i suíomhanna oidhreachta na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun cinn. Dírítear ach go háirithe ar áiseanna do chuairteoirí agus agus eispéireas cuartaíochta a bhreisiú agus léirmhíniúchán nua a sholáthar, gné lárnach chun cuairteoirí a mhealladh go hÉirinn. Rachaidh feabhsú ar áiseanna do chuairteoirí chun sochair do chách. Leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach seo, tá súil ag an OPW infheistíocht sa Pháirc a thabhairt chun cinn a aithníonn tábhacht an tsuímh oidhreachta seo, a chaomhnaionn é le haghaidh na nglún a thiocfaidh amach anseo agus a sholáthraíonn áiseanna agus eispéireas feabhsaithe do chách.

Aithníonn Project Ireland 2040 Straitéis Infheistíochta Pháirc an Fhionnuisce mar bheart lárnach taobh istigh den Chreat Náisiúnta Pleanála go 2040 aagus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018 -2027.

In 2018, chaith Fáilte Ireland agus an OPW €400K ar athbhreithniú straitéiseach agus plean um breisiú amach anseo ar an eispéireas cuartaíochta ag Páirc an Fhionnuisce. De thoradh ar phróiseas iomaíoch, ceapadh Denis Byrne Architects chun athbhreithniú a dhéanamh ar an eispéireas cuartaíochta. Ag obair le Brady Shipman Martin, Tandem Design agus Lumsden Design, rinne an fhoireann athbhreithniú iomlánaíoch ar Pháirc an Fhionnuisce, a bhreathnaigh gach gné – treochomharthaíocht, ceisteanna comhshaoil, naisc leis an gcathair, áiseanna do chuairteoirí ar fud na Páirce a bhreisiú, etc.

Ins an Dréacht-Athbhreithniú Straitéiseach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce, scrúdaíodh cúig cheantar ar leith i bPáirc an Fhionnuisce; breathnaíodh téamaí maidir le fáilte, stair agus oidhreacht, gníomhaíocht agus folláine, aitheantas, bithéagsúlacht agus nascacht leis an gcathair a mheas, mar atá agus mar a fhéadfadh a bheith amach anseo. Bhí an Dréacht-Athbhreithniú ar taispeáint ag Ionad Cuairteoirí na Páirce ar feadh deich seachtain ón 19ú Márta go 31ú Bealtaine 2019; níor dhoiciméad pleanála foirmiúil ná reachtúil é seo.

Ins an Athbhreithniú leagadh amach 29 moladh ar leith don Pháirc – ina measc bhí áiseanna nua um fháiltiú cuairteoirí, feabhsú ar threoirchomharthaíocht agus treorú, tuilleadh pointí trasnála agus plean um maolú tráchta mar bhonn eolais le pleanáil gearrthéarma, meántéarma agus fadtéarma an OPW le haghaidh na Páirce. Thug an OPW cuireadh don phobal, do pháirtithe leasmhara áitiúla, d'ionadaithe poiblí agus do chách a raibh spéis acu i dtodhchaí na Páirce an dréacht-athbhreithniú a bhreathnú agus a dtuairimí a chur ar aghaidh um breathnú againn.

Tugann an tuarascáil seo a leanas anailís ar na haighneachtaí a fuarthas, tuairimí an OPW ar na haighneachtaí luachmhara sin agus moltar sraith gníomhaíochtaí nó chéad chéimeanna eile um an t-eispéireas cuartaíochta i bPáirc an Fhionnuisce a bhreisiú.

# 3. Toradh Ardleibhéal agus Tuairimi Lárnacha

Fáiltíonn an OPW leis an réimse leathan tuairimí, tráchtanna agus moltaí a fuarthas le linn na tréimhse deich seachtain ón 19ú Márta go 31ú Bealtaine 2019. Is teist ar an bPáirc, agus ar chúram na Páirce ag an OPW le blianta fada anuas, go raibh an Pobal chomh gafa sin sa phróiseas agus chomh dírithe sin ar a dtuairimí a chur in iúl. Is mian linn buíochas a ghabháil le gach duine a scríobh chugainn, a sheol ríomhphoist agus a thug cuairt ar an Ionad Cuairteoirí, chun a gcuid léargais luachmhara a sholáthar maidir leis an dréacht-athbhreithniú ar éispeireas cuartaíochta agus na moltaí don todhchaí ann.

Tá tionchar suntasach ag an bpróiseas seo ar éabhlóid chur chuige an OPW maidir le pleanáil um breisiú na Páirce amach anseo. Sa chaibidil seo, tugaimid mionsonraí ar na tuairimí lárnacha a fuarthas in aighneachtaí agus féachaimid lena gcur i gcomhthéacs maidir leis an iomlán aighneachtaí a fuarthas. Is mian leis an OPW dearcadh nó freagra a thabhairt ar na tuairimí.

D'éirigh na ceisteanna seo a leanas go forleathan agus bhí iliomad téamaí agus ceisteanna i gcuid mhór aighneachtaí. Léiríonn na céatadáin an cion den líon aighneachtaí a fuarthas a thagair do gach téama nó ceist ar leith.

**Caomhnaigh saintréithe na Páirce mar atá faoi láthair, neamhfhoirmiúil agus leath-fhiáin, ach ag freastal ar riachtanais chuairteoirí.**

**26%**

## Tuairimí an Phobail

Bhí imní ar mhórán go ndéanfadh idirghníomaíochtaí díobháil do shaintréithe bunúsacha na Páirce agus gur ceart é a fhágáil mar atá.

Ba é an téama ba mhó a ardaíodh ins na tuairimí ná gur ceart an Pháirc a fhágáil mar atá, neamhfhoirmiúil; mheas roinnt daoine gur staid leath-fhiáin é seo. Bhí mórán nár theastaigh aon athrú uathu agus thagair siad don ghradam idirnáisiúnta a fuair Páirc an Fhionnuisce le déanaí.

## Tuairim an OPW

Fáiltíonn an OPW roimh mhian láidir an phobail saintréithe bunúsacha na Páirce a fhágáil gan athrú agus an Pháirc 'a fhágáil mar atá'. Moladh suntasach é seo ar bhainistiú na Páirce ag an OPW agus ar Phlean 2011 um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce, ina leagtar amach an fhís fhadtéarmach um chaomhnú na Páirce.

Tá an OPW tiomanta um leanúint le bainistiú na Páirce de réir an Phlean sin agus de réir na gcleachtas bainistíochta atá ann faoi láthair agus gur mian leis an bpobal a choinneáil. Is i gcomhthéacs an Phlean um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce amháin a thabharfar chun cinn aon tionscadail chaomhantais nó breisiú ar áiseanna amach anseo, chun a chinntiú go gcoinnítear saintréithe bunúsacha na Páirce.
Ní bhreathnófar tograí dá leithéid seo ach amháin sa chás go bhfuil siad ag teacht le cleachtais reatha bainistíochta agus go dtacaíonn siad leis an bpolasaí atá ann cheana maidir le bainistiú agus oibríochtaí na Páirce.

## Tábhacht na Páirce mar spás glas don oidhreacht nádúrtha, bithéagsúlacht agus maolú ar athrú aeráide

**19%**

### Tuairimí an Phobail

Leag cuid mhór aighneachtaí béim ar thábhacht na Páirce mar spás glas, mar thearmann bithéagsúlachta, agus nár tugadh aird a dhóthain ar cheisteanna maidir leis an athrú aeráide sa Phlean.

Dúradh nár chóir do na moltaí oidhreacht nádúrtha na Páirce a laghdú le caillteanas spáis ghlais agus cur as don bhfiadhúlra.

Ceapadh go raibh sé míchuí an Phairc a roinnt i 'gceathrúna' mar ba cheart go mbainfeadh bithéagsúlacht leis an bPáirc ar fad agus conacthas é seo mar chéim síos.

### Tuairim an OPW

Lárnach i dtuiscint an OPW don Pháirc tá luach na Páirce mar 'scámhóg ghlas' ag Baile Átha Cliath, spás glas criticiúil i gcroílár na cathrach agus tearmann bithéagsúlachta; tá an tuiscint sin mar bhonn don obair ar fad againn i gcaomhnú agus i mbainistiú na Páirce.

Tá fáilte croíúil roimh thiomantas agus cás an phobail um chaomhnú bithéagsúlachta na Páirce. Moladh é seo do shaothar an OPW go dtí seo maidir le caomhnú gnáthóga éagsúla ar fud na Páirce – tailte nádúrtha féir, coillte agus bogaigh san áireamh – agus don obair a chinntíonn go ndéantar an tearmann bithéagsúlachta seo a bhainistiú de réir na gcaighdeán is airde. Bronnadh an chéad Ghradam Pailneora Uile-Éireann ar an nGarraí Victeoiriach ag Diméin Bhaile an Ásaigh agus tá mórán gradam eile buaite ag an OPW maidir le bainistiú flóra agus fána na Páirce. Bíodh a fhios ag an bpobal go bhfuil an OPW tiomanta um luach glas na Páirce a chaomhnú, bithéagsúlacht na Páirce a chaomhnú agus a shaothrú, ár gcuid foghlama agus eolais ar an bPáirc a roinnt le daoine eile agus a chinntiú go gcuidíonn an Pháirc le bearta um athrú aeráide a mhaolú.

Baineann thart faoi 10 milliún duine usáid as an bPáirc gach bliain; caithfidh an OPW a bhreathnú conas a fhreagraítear, nó nach bhfreagraítear, riachtanais an líon sin daoine atá ag méadú i gcónaí. Taispeánann taighde an OPW féin (déanta in 2017) go gceapann 45% de chuairteoirí (daoine áitiúla iad 95% díobhsan), go bhfuil na háiseanna míshásúil. I gcás 33% de chuairteoirí áitiúla agus 67% de chuairteoirí ón iasacht, tá aineolas nó míthuiscint ar leagan amach na Páirce agus a bhfuil ar fáil ann. Mar sin, níl de rogha ag an OPW ach áiseanna oiriúnacha a sholáthar – leithris, suíomhanna uisce, áiseanna caifé, eolas treorach, oideachas agus foghlaim.

Tabharfaidh an OPW aird ar leith ar mhian an Phobail um bithéagsúlacht agus spásanna glasa na Páirce a choinneáil; déanfar deimhin de go dtabharfar tosaíocht dá luach san agus breathnú á dhéanamh conas áiseanna do chuairteoirí a bhreisiú amach anseo. Tá na moltaí maidir le 'ceathrúna' an-láidir maidir le treorú agus maidir le cuairteoirí a chur ar an eolas faoi na heispéiris éagsúla i gceantair éagsúla na Páirce. Ní raibh sé riamh i gceist an Pháirc a 'roinnt' sa chiall fisiciúil agus níl aon phlean ag an OPW a leithéid a dhéanamh. Ach baineann buntáistí le ceantair a léiriú ar mhapaí nó i dtreoirleabhair, mar chabhair um threorú agus mar chuidiú do chuairteoirí iomlán na Páirce a chuardach..

## In aghaidh an Pháirc a rófhorbairt agus a thráchtálú

**19%**

### Tuairimí an Phobail

Dúradh go mbeadh rófhorbairt agus tráchtálú na Páirce mar thoradh ar na tograí. Ach go háirithe, luadh an méid tógála nua agus an spás glas a chaillfí.

Chuir roinnt aighneachtaí fáilte roimh ionad cuairteoirí ar scála beag nó athchóiriú ar Dhiméin Bhaile an Ásaigh; bhí an móramh in aghaidh ionad mór cuairteoirí nó 'ailtireacht ráitis' a rachadh chun dochair saintréithe na Páirce. Bhíothas in aghaidh halla miondíola freisin.

### Tuairim an OPW

Tugann an OPW aird ar thuairimí an phobail maidir le rófhorbairt dóchúil sa Pháirc dá leanfaí cuid de na samplaí idirnáisiúnta dar ndearnadh tagairt dóibh ins an Dréacht-Athbhreithniú.

Tá sé tábhachtach a thuiscint gur athbhreithniú ar eispéireas reatha cuartaíochta a bhí san doiciméad. Rinne sé tagairt do shamplaí idirnáisiúnta de mhórpháirceanna cathrach ina bhfuil áiseanna den scoth do chuairteoirí, a fhéadfadh a bheith mar bhonn eolais don OPW amach anseo. Níor leagadh amach plean forbartha do Pháirc an Fhionnuisce agus ní plean forbartha é ar chaoi ar bith. Cuireadh smaointe ar aghaidh um breathnú, maidir le conas is féidir freastal ar riachtanais chuairteoirí chun na Páirce ar bhealaí a réitíonn le caomhnú Páirce stairiúil.

Maidir leis na tuairimí áirithe seo, tabharfaidh an OPW aird ar leith ar mhian an phobail um spás glas a choinneáil, agus go mbeadh forbairtí nua teoranta agus ag teacht le saintréithe reatha na Páirce.

Ina theannta sin, níl sé ar intinn ag an OPW an Pháirc a thráchtálú trí bhreisiú áiseanna amach anseo. Bíodh an pobal cinnte faoi sin. Dearbhaíonn an OPW gealltanas um bainistiú agus breisiú móthálach na Páirce de réir Phlean 2011 um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce.

Ach mar atá ráite thuas, baineann thart faoi 10 milliún duine usáid as an bPáirc gach bliain; níl na háiseanna oiriúnach dóibh siúd faoi láthair agus is cinnte nach féidir leo freastal ar riachtanais mhuintir Bhaile Átha Cliath atá ag méadú i gcónaí. Tuigeann an OPW go bhfuil tábhacht níos mó le páirceanna agus spásanna glasa maidir le sláinte agus folláine daoine agus mar áiseanna agus tarraingtí do chuairteoirí. Mar sin, caithfidh an OPW breathnú ar bhealaí um áiseanna do chuairteoirí a fheabhsú, go háirithe ag Diméin Bhaile an Ásaigh – fáiltiú agus treoracha do chuairteoirí, oideachas agus foghlaim, leithris agus áiseanna caifé.

Tuigeann an OPW imní faoi 'ailtireacht ráitis' agus an cur in aghaidh áiseanna miondiola ag mol dóchúil Bhaile an Ásaigh. Mar sin, féachfaidh an OPW ar chonas is féidir freastal ar chuairteoirí ag Baile an Ásaigh le háiseanna breise atá dírithe ar eolas, treorú agus deiseanna eolaíochta agus foghlama a sholáthar; ach caithfear freisin freastal ar áiseanna caifé/bialainne, leithris agus áit bhreise pháirceála, go háirithe maidir le roghanna inbhuanaithe iompair.

## Tacú le húsáid ghluaisteán a laghdú agus feabhas ar bhainistiú tráchta

**14%**

### Tuairimí an Phobail

Cheap cuid mhór daoine go bhfuil an iomarca tráchta sa Pháirc. Tacaíodh le bearta um rochtain fheithiclí a laghdú, teorainneacha luais a fheidhmiú agus bainistiú tráchta a fheabhsú um shábháilteacht. Mheas mórán daoine gur ceart deireadh ar fad a chur le húsáid ghluaisteán sa Pháirc.

### Tuairim an OPW

Tugann an OPW aird ar na haighneachtaí maidir le húsáid ghluaisteán sa Pháirc. Ach caithfear a rá go bhfuarthas tuairimí contrártha maidir le rochtain ghluaisteán, páirceáil agus usáid ghluaisteán ar fud na Páirce. Thacaigh 14.5% de na haighneachtaí le húsáid ghluaisteán sa Pháirc a laghdú, ach mhol cuid de na haighneachtaí gur gá bealaí comaitéireachta a choinneáil agus níos mó carrchlós a sholáthar dóibh siúd a thaistealaíonn chun na Páirce.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil polasaí um úsáid ghluaisteán sa Pháirc a laghdú á leanúint go dtí seo, mar chuid de Phlean um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce. Is é an dúshlán anois don OPW ná an líon gluaisteán atá ag teacht chun na Páirce cheana féin, agus a leanfaidh orthu mar sin, a bhainistiú sa chomhthéacs oibríochta sin.

Moladh lárnach san dréacht-athbhreithniú is ea staidéar réthaistil a choimisiúnú ag an OPW um breathnú ar cheisteanna idirghaolmhara mar iompar inbhuanaithe, bainistiú tráchta, soghluaisteacht coisithe agus rothar, roghanna measctha réthaistil etc. Tá an OPW tiomanta um é seo a chur chun cinn chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin agus éilimh mhalartacha a bhaineann le bainistiú tráchta agus rochtain sa Pháirc.

## In aghaidh a thuilleadh forbartha miondíola agus caifé

**14%**

### Tuairimí an Phobail

Bhí cuid mhór in aghaidh 'deiseanna miondíola' breise, ag rá go mbainfeadh a leithéid ó shaintréithe na Páirce agus nach raibh gá leo. Dúirt cuid mhór go raibh na háiseanna atá ann cheana féin dóthaineach ach dúirt roinnt eile go mbeadh uasghrádú cuí inghlactha. D'fhéadfaí glacadh le háiseanna caifé ar scála beag sa chás go dtacófaí leis na soláthróirí reatha agus go mbeadh siad ag teacht le saintréithe na Páirce.

### Tuairim an OPW

Tá na hagóidí in aghaidh deiseanna miondíola tugtha ar aird ag an OPW; bíodh a fhios ag an bpobal nach bhfuil sé ar intinn ag an OPW dul ar aghaidh le forbairtí miondíola taobh istigh de Pháirc an Fhionnuisce.

Scrúdaíonn an dréacht-athbhreithniú páirceanna idirnáisiúnta eile ina bhfuil suíomhanna beaga miondíola – bia agus earraí ceardaí, earraí speisialta garraí, leabhair, cártaí poist, saothar ealaíne/priontaí – a réitíonn ar éileamh ó chuairteoirí. Tá suíomhanna beaga miondíola ag an OPW ag láithreacha eile oidhreachta eile – Príosún Chill Mhaighneann agus Teach Bhaile an Chaisleáin mar shampla.

Bíodh a fhios ag an bpobal, maidir le spás a réiteach um dhíol earraí, go bhfuil an OPW ag breathnú ar réimse teoranta – bia agus earraí ceardaí, agus saothar ealaíne – a bheadh ag teacht le háiseanna nua caifé/bialainne a fhéadfaí a fhorbairt amach anseo. Tá a leithéid ar fáil ag Príosún Chill Mhaighneann, ag Ard-Oifig an Phoist agus ag na Páirceanna Ríoga ar fad i Londain, mar shampla. Creideann an OPW gur cóir breathnú ar réimse teoranta earraí speisialaithe mar chuid de mhol fáiltithe agus caifé.

## In aghaidh moltaí um pháirceáil bhreise do ghluaisteáin

**14%**

### Tuairimí an phobail

Mheas cuid mhór go raibh an moladh um pháirceáil bhreise do ghluaisteáin iomarcach. Ach go háirithe, dúradh dá ndéanfaí carrchlós buan de charrchlós sealadach Bloom go gcaillfí spás glas agus go meallfaí tuilleadh tráchta isteach sa Pháirc.

### Tuairim an OPW

Tugann an OPW aird ar imní an phobail maidir le páirceáil bhreise a sholáthar, go háirithe maidir le carrchlós sealadach Bloom. Beidh an staidéar Réthaistil atá luaite thuas mar bhonn eolais le smaointiú an OPW maidir leis na héilimh iomaíocha ó úsáideoirí na Páirce a chothromú ar bhealach inbhuanaithe.

## Áiseanna breise

**10%**

### Tuairimí an Phobail

Tá gá le háiseanna breise, go háirithe leithris chomh maith le boscaí bruscair agus scairdeáin uisce.

### Tuairim an OPW

Reitíonn na tuairimí seo le taighde an OPW a léirigh easnamh áiseanna, go háirithe maidir le leithris agus scairdeáin uisce. Tá an OPW cheana féin ag cuardach suíomhanna oiriúnacha le haghaidh scairdeáin uisce sa Pháirc. Ní féidir leithris a fheabhsú ach i dteannta áiseanna cuairteoirí a fhorbairt agus breathnóidh an OPW conas is fearr atá sé seo indéanta. Ach ní réitíonn cuid de na moltaí um áiseanna breise le Plean um Bainistiú Caomhantais na Páirce ná le dea-chleachtais um bainistiú spásanna glasa. Mar shampla, cruthódh boscaí breise bruscair priacal comhshaoil do chuid mhór fána na Páirce; is é an cleachtas idirnáisiúnta is fearr ná cur chuige 'Ná fág dada' i.e. ba cheart do chuairteoirí a gcuid bruscair féin a bhreith abhaile leo. Is é seo an cur chuige is fearr a réitíonn leis na haidhmeanna foriomlána saintréithe na Páirce a chaomhnú agus a choinneáil.

## Tacú le moltaí maidir le Dún na hArmlainne

**9%**

### Tuairimí an Phobail

Thacaigh cuid mhór tuairimí leis na moltaí maidir le Dún na hArmlainne, mar shampla tarraingt do chuairteoirí a chruthú agus athchóiriú na rampar.

Ach dúradh gur cóir an fhorbairt a réiteach le saintréithe agus scála na Páirce. Ach go háirithe, ba cheart go gcoimeádfaí caifé agus áiseanna ar scála beag.

### Tuairim an OPW

Fáiltíonn an OPW roimh thacú an phobail maidir le caomhnú agus forbairt Dhún na hArmlainne mar láthair nua staire míleata taobh istigh den Pháirc. Tá sé geallta le fada ag an OPW an Dún a athchóiriú agus a chur i láthair an phobail mar láthair tharraingteach oidhreachta, le stair shaibhir le haimsiú agus le cuardach. Tuigeann an OPW imní maidir le tréithe agus scála na dtograí, ach bíodh a fhios ag an bpobal go dtugann an OPW tús áite i gcónaí do shláine an struchtúir stairiúil agus a oidhreacht nuair atá láithreacha oidhreachta á n-athchóiriú. Beidh gá le háiseanna chun cuairteoirí chuig an Dún a bhainistiú go sábháilte – oifig ticéad, fáiltiú, leithris agus caifé beag. Déanfar é seo taobh istigh de chreatlach na bhfoirgneamh agus de réir mar atá déanta cheana féin ag láithreacha íogair oidhreachta eile ar fud na tíre.

## Tograí um Iompar Inbhuanaithe

**9%**

### Tuairimí an Phobail

Tacú le tograí um iompar inbhuanaithe – iompar poiblí, tointeála leictreacha, nó feabhsú rochtana ar iarnród nó síneadh ar an Luas.

### Tuairim an OPW

Aontaíonn an OPW le spéis an phobail i dtograí um iompar inbhuanaithe agus táthar ag féachaint ar bhealaí maidir le hiompar inbhuanaithe a sholáthar chun na Páirce, agus istigh ann. Breathnóidh an staidéar Réthaistil atá luaite thuas ar chonas is fearr is féidir leis an OPW freastal ar na dúshláin a bhaineann le roghanna inbhuanaithe iompair a chur ar fáil do chuairteoirí chun na Páirce.

## Áiseanna do rothair agus do choisithe

**8%**

### Tuairimí an Phobail

Cuireadh fáilte roimh áiseanna do choisithe agus do rothair a fheabhsú – deisiú dhromchla, cosáin bhreise, trasnáin, bainistiú breise um shábháilteacht, stáisiúin bhreise Dublin Bike agus láithreacha cíosa.

### Tuairim an OPW

Tá an OPW geallta um thús áite a thabhairt do choisithe agus do lucht rothair sa Pháirc agus tá fáilte roimh thacú an phobail maidir le feabhsú áiseanna, dromchlaí níos fearr, breis sábháilteachta agus rochtain níos fearr do choisithe agus do lucht rothair.

## Tacú le tograí um naisc nua coisithe agus rothair le Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh taobh theas den Life

**8%**

### Tuairimí an Phobail

Thacaigh cuid mhaith le tograí nua um dhroichead coisithe/rothar chuig Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh. Lorg cuid mhaith freisin nasc dá leithéid le Páirc Bhaile Uaitéir, nó athnuachan ar an Droichead Airgid. Mheas roinnt daoine go mbeadh iarnród cáblach iomarcach. Ar an iomlán d'fhéadfaí rianta rothar a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

### Tuairim an OPW

Fáiltíonn an OPW roimh thacú an phobail maidir leis an Droichead Cuimhneacháin nua atá molta ag Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh. Tuigimid imní a cuireadh in iúl maidir leis an Iarnród Cáblach agus ní dócha go rachaidh an OPW ar aghaidh lena leithéid. Tá tuarascáil á réiteach cheana féin maidir le rianta rothar ar Ascaill Chesterfield, ach mar atá luaite thuas beidh staidéar mionsonraithe Réthaistil mar bhonn eolais níos fearr maidir le ceisteanna idirghaolmhara a bhaineann le coisithe, rothair agus trácht fheithiclí.

## Béim níos mó ar mhuintir na hÉireann seachas turasóirí

**8%**

### Tuairimí an Phobail

Dar le cuid mhór daoine, ba chóir go mbeadh an Plean dírithe ar mhuintir Bhaile Átha Cliath agus na hÉireann seachas an 'turasóir'. Ceapadh go raibh tagairtí mar 'táirge turasóireachta' agus 'acmhainneacht'na Páirce mí-oiriúnach.

### Tuairim an OPW

Tugann an OPW aird ar imní an phobail faoi thagairt don Pháirc mar tháirge turasóireachta. Rachaidh feabhsú ar oidhreacht na Páirce agus ar chaighdeán na n-áiseanna chun sochair do chách a thagann ann. Is acmhainn tábhachtach náisiúnta í an Pháirc ag muintir na hÉireann; caithfidh an OPW áiseanna a sholáthar chun freastal ar na cuairteoirí ar fad a thagann ann, bíodh siad áitiúil, naisiúnta nó idirnáisiúnta. I gcathracha ar fud an domhain tá ról lárnach ag páirceanna móra maidir le tarraingteacht na gcathracha sin do chuairteoirí.

## Easnaimh sa phróiseas comhairliúcháin

**7%**

### Tuairimí an Phobail

Bhí cuid mhaith daoine míshásta leis an bpróiseas comhairliúcháin féin. Dúradh go raibh an tréimhse ama ró-ghairid, nach raibh an doiciméad féin soiléir ó thaobh teanga dhe agus nár sainíodh scóip an chomhairliúcháin.

Bhí daoine eile míshásta nach raibh an doiciméad iomlán ar fáil ar líne agus go raibh rochtain srianta ar an dtaispéaint phoiblí.

### Tuairim an OPW

Tuigeann an OPW go raibh roinnt daoine míshásta leis an gcaoi inar gníomhaíodh leis an bpobal maidir leis an dréacht-doiciméad. Ach níor phlean forbartha ná doiciméad reachtúil a bhí anseo agus mar sin níor phróiseas foirmiúil comhairliúcháin a bhí anseo. Mhair an tréimhse um breathnúcháin thar deich seachtain (dhá shíneadh san áireamh) – tréimhse atá níos mó ná an tréimhse chomhairliúcháin is gá faoi na hAchtanna pleanála.

Tuigeann an OPW go raibh daoine míshásta nach raibh an tuarascáil iomlán ar fáil ar líne. Mar gheall ar mhéid na tuarascála ina iomlán, mheas an OPW go mba chabhair é achoimre fheidhmeach a ullmhú agus é seo a chur ar fáil ar líne, le cóipeanna de na Painéil Eolais ar taispeáint ag an Ionad Cuairteoirí mar chuidiú don phobal breathnú ar mholtaí lárnacha an dréacht-athbhreithnithe. Glacaimid, áfach, le míshástacht an phobail nach raibh ar a gcumas an doiciméad iomlán a fheiceáil ar líne.

Athbhreithniú ar eispéireas cuartaíochta a bhí san dréacht-tuarascáil; bhí sé tábhachtach smaointe an phobail a bhailiú maidir leis na príomh-fheabhsuithe um eispéireas cuartaíochta a bhí molta. Glacann an OPW leis nach raibh sé seo tuigthe go soiléir ón taispeántas ná ón abhar ar líne.

## Tacú leis an bplean

**5%**

### Tuairimí an Phobail

Thacaigh roinnt daoine le prionsabail an phlean agus leis an bpróiseas maidir leis seo.

### Tuairim an OPW

Fáiltíonn an OPW roimh thacú an phobail leis an bprionsabail gur acmhainn dochreidte do chathair Bhaile Átha Cliath í Páirc an Fhionnuisce, agus gur cóir infheistiú agus breisiú a dhéanamh ionas go mbeidh an t-eispéireas is fearr ag cuairteoirí nuair a thagann siad chun na Páirce.

## In aghaidh na dtograí maidir le 'Pailliún Fáilte'

**4%**

### Tuairimí an Phobail

Measadh go raibh scála agus dearadh an Phailliúin Fáilte mí-oiriúnach. Mheas cuid mhór nach raibh aon ghá leis agus go bhféadfaí foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú.

### Tuairim an OPW

Tugaimid aird ar imní an phobail maidir le scála agus dearadh an Phailliúin Fáilte ag Sráid Gheata na Páirce agus an spéis um athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana. Is é seo an cur chuige traidisiúnta maidir le soláthar áiseanna sa Pháirc, ach chun freastal ar úsáideoirí an lae inniu, breathnaíonn an dréacht-tuarascáil ar roinnt smaointe faoi áiseanna nua.

I bhfianaise an líon mór cuairteoirí a thagann chun na Páirce trí Shráid Gheata na Páirce, caithfidh an OPW breathnú ar chonas a threoraíonn cuairteoirí iad féin ar theacht isteach sa Pháirc dóibh. Féadfaimid breathnú a thuilleadh ar áiseanna treoraithe a bheadh oiriúnach don láthair seo ach a bheadh ag réiteach leis an gcreat agus an suíomh stairiúil.

## In aghaidh srianta tráchta ar Ascaill Chesterfield

**4%**

### Tuairimí an Phobail

Bhí freagraí measctha maidir le srianta tráchta i.e. Ascaill Chesterfield a dhúnadh.

Dúirt cuid mhór daoine ó Chaisleán Cnucha gur bealach tráchta riachtanach sa chathair í an Pháirc agus go gcuirfeadh srianta le plódú tráchta.

Ar an dul céanna dúirt cuid eile nár tugadh aird go leor ar úsáideoirí gluaisteán agus rochtain dóibh ar an bPáirc sa Phlean.

Ba mhinic an Pháirc in úsáid mar bhealach comaitéireachta mar nach raibh an dara rogha ann.

### Tuairim an OPW

Faoi láthair is de réir Phlean 2011 um Bainistiú Caomhaontais Pháirc an Fhionnuisce atá bainistiú tráchta á fheidhmiú; leagtar síos anseo polasaí soiléir um úsáid ghluaisteán sa Pháirc a laghdú. Tuigeann an OPW gur bealach tábhachtach um rochtain ar an gcathair í an Pháirc; is é an dúshlán ná an gá sin a chothromú leis an 'scámhóg ghlas' a chaomhnú. Mar atá luaite thuas, cuideoidh staidéar mionsonraithe Réthaistil linn conas is féidir freagairt ar na héilimh iomaíocha seo feasta.

## Ionad Cuairteoirí

**2%**

### Tuairimí an Phobail

Bhíothas in aghaidh na dtograí ar leith maidir leis an Ionad Cuairteoirí ag Baile an Ásaigh.

### Tuairim an OPW

Tugann an OPW aird ar an imní a cuireadh in iúl maidir le scála an mhoil nua do Chuairteoirí atá molta ag Baile an Ásaigh. Is é an dúshlán don OPW ná áiseanna a sholáthar don 1.7 milliún duine a thagann ann gach bliain; níl na háiseanna atá ann faoi láthair den chaighdeán cuí. Déanfaidh an OPW athbhreithniú ar na tograí maidir le Baile an Ásaigh agus breathnófar go cúramach conas is féidir na háiseanna a sholáthar atá de dhíth ar chuairteoirí chuig Diméin Bhaile an Ásaigh – leithris, scairdeáin uisce, caifé, spásanna léirmhíniúcháin agus foghlama.

## Feabhas ar Rochtain do chách

**2%**

### Tuairimí an Phobail

Dúradh gur ceart rochtain do chách a bhreathnú ins na tograí uile, ach go háirithe do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd le páistí. Baineann sé seo freisin le moltaí maidir le feabhsú ar chosáin agus ar pháirceáil inrochtana.

### Tuairim an OPW

Sa phróiseas pleanála, breathnaíonn an OPW go cúramach ar cheisteanna rochtana i gcónaí. Bíodh a fhios ag an bpobal go dtabharfar aird ar riachtanais gach glúin um a chinntiú go bhfuil an Pháirc ar fáil agus inrochtana do chách.

## Comharthaíocht agus eolas

**1%**

### Tuairimí an Phobail

Tacú le treorú, eolas agus comharthaíocht bhreise a réitíonn le saintréithe na Páirce.

### Tuairim an OPW

Tuigimid ónár dtaighde féin go bhfuil cuid mhór cuairteoirí míshásta le comharthaí um threorú agus eolas ach go háirithe. Bíodh a fhios ag an bpobal go mbeidh comharthaíocht bhreise ag réiteach le saintréithe na Páirce.

## Caiféanna breise agus áiseanna uasghrádaithe

**1%**

### Tuairimí an Phobail

Thacaigh roinnt daoine le cúpla caifé breise (e.g. maidir le Dún na hArmlainne) agus uasghrádú cuí ar áiseanna atá ann cheana.

Dúradh gur cóir na forbairtí seo a choimeád in oiriúint le saintréithe agus scála na Páirce, ach go háirithe go mbeadh caiféanna agus áiseanna ar scála beag.

### Tuairim an OPW

Tugann an OPW aird ar na tuairimí seo maidir le bunáiseanna breise – leithris agus caiféanna beaga. Mar atá luaite thuas, déanfar athbhreithniú ar an gcur chuige faoi áiseanna a bhreisiú, go háirithe maidir le scála agus leagan amach.

# Téamaí Ginearálta

Tá an 19 n-ábhar thuas grúpaithe i 5 théama ginearálta agus na céatadáin comhaontaithe. Léirítear na ceisteanna ag éirí ó gach téama thíos:

## Caomhnú agus oidhreacht thógtha — 65%

- Ba cheart an Pháirc a fhágáil mar atá (nádúrtha, neamhfhoirmiúil agus fiáin) agus a saintréithe a choinneáil mar atá.
- Tacú le tograí maidir le Dún na hArmlainne agus áiseanna bainteacha oiriúnacha.
- Tacú le nasc do choisithe/rothair thar Life ó dheas (e.g. droichead coisithe thar Life / nasc le Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh nó nasc le Baile Uaitéir).
- Ba chóir an tAthbhreithniú Straitéiseach a dhíriú níos mó ar mhuintir na hÉireann seachas ar chuairteoirí sealadacha um 'tháirge turasóireachta' agus brabach.

## Iompar agus Réthaisteal — 49%

- Ar an iomlán in aghaidh Ascaill Chesterfield a dhúnadh agus aon laghdú ar úsáid ghluasteán a n-imreodh ar comaitéirí ach go háirithe.
- Tacú le tograí um iompar inbhuanaithe – iompar poiblí, tointeála leictreacha, nó feabhsú rochtana ar iarnród nó síneadh ar an Luas.
- Fáilte in iomlán roimh áiseanna do choisithe agus do rothair a fheabhsú – deisiú dhromchla, cosáin bhreise, trasnáin, bainistiú breise um shábháilteacht, stáisiúin bhreise Dublin Bike agus láithreacha cíosa.
- Tacú le bealach na Páirce do fheithiclí a laghdú (trácht a mhaolú, rochtain a chosc i bpáirt, teorainneacha luais a fheidhmiú agus bainistiú breise tráchta).
- In aghaidh pháirceáil bhreise ar bith (e.g. carrchlós buan ag láthair Bloom).

## Áiseanna do Chuairteoirí — 37%

- Áiseanna breise de dhíth, ach go háirithe leithris ach freisin boscaí bruscair agus scairdeáin uisce.
- In aghaidh pháirceáil bhreise ar bith (e.g. carrchlós buan ag láthair Bloom)
- Ba chóir an tAthbhreithniú Straitéiseach a dhíriú níos mó ar mhuintir na hÉireann seachas ar chuairteoirí sealadacha um 'tháirge turasóireachta' agus brabach.
- In aghaidh na dtograí ar leith maidir leis an Ionad Cuairteoirí ag Baile an Ásaigh.
- Tacú le comharthaíocht bhreise um threorú agus eolas ag réiteach le saintréithe na Páirce.
- Ba cheart áiseanna agus rochtain do chách a sholáthar.

## Bithéágsúlacht agus athrú aeráide — 19%

- Tá an Pháirc ríthábhachtach don chathair mar spás / scámhóg ghlas sa chathair. Caithfear an oidhreacht nádúrtha a choinneáil / bithéagsúlacht a chosaint / crainn agus plandaí fiáine a leathnú. Deis den scoth maidir le hathrú aeráide.

## An Próiseas Comhairliúcháin / Cur chuige — 11%

- Bhí an próiseas comhairliúcháin easnamhach (ró-ghairid, structúr agus teanga doiléir, ní raibh an plean iomlán ar líne etc.)
- Thacaigh roinnt daoine le prionsabail an phlean agus leis an bpróiseas maidir leis seo

## Ceisteanna eile

Tugaimid aird ar na ceisteanna seo a leanas (thart faoi níos lú ná 1%):

- Áiseanna do mhadraí a sholáthar;
- Is gá feabhas ar bhainistiú bruscair;
- Geataí a tógadh anuas le haghaidh cuairt an Phápa a chur ar ais;
- Níl an t-iarnród cáblach oiriúnach;
- Is beag duine a aontaigh ná a easaontaigh le moltaí faoi chomharthaíocht;
- Tá sé oiriúnach an Pháirc agus na foirgnimh ann a úsáid um oideachas;
- Measadh ról Fáilte Ireland mar pháirtí leasmhar míchuí;
- Is gá tuilleadh caiféanna sa Pháirc.

Maidir leis na tograí faoin Líne Láir – mar shampla, taispeántais ealaíne agus bothanna tráchtála – mheas cuid mhór nach raibh na tograí oiriúnach don Pháirc; dúradh gur minic nach mbaintear úsáid fhadtéarmach as áiseanna aclaíochta faoin spéir.

# 4. Conclúidí agus na Chéad Chéimeanna Eile

Fáiltíonn an OPW ó chroí roimh na haighneachtaí agus na tuairimí ar fad a fuarthas maidir leis an athbhreithniú ar eispéireas cuartaíochta agus na moltaí a ghabhann leis um eispéireas cuairteoirí a bhresiú feasta. Tá siad mar bhonn eolais againn maidir le maitheas na Páirce agus imreoidh siad tionchar ar an gcur chuige againn maidir le feabhsú ar na háiseanna sa Pháirc chun sochair úsáideoirí uile. Thar gach ní eile, tugann siad tacú láidir le bainistiú na Páirce againn go dtí seo. Deimhnímid mar sin ár ngealltanas don phobal an Pháirc a bhainistiú, sa chéad áit, mar acmhainn sárluachmhar 'ghlas' le haghaidh muintir Bhaile Átha Cliath agus muintir na hÉireann agus a bithéagsúlacht shaibhir a chosaint.

Mar atá léirithe san tuarascáil seo, is dualgas don OPW breathnú ar riachtanais chuairteoirí agus úsáideoirí atá ag teacht chun na Páirce cheana féin agus a líon ag méadú go suntasach. Mar sin, agus aird againn ar imní a taispeánadh le linn an phróisis chomhairliúcháin, tá clár íogair tionscadail um chaomhnú agus uasghrádú á mholadh ag an OPW, chun tarraingteacht na Páirce a bhreisiú agus freastal ar riachtanais úsáideoirí sa mheántéarma. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeidh na tograí uile faoi réir ag próiseas pleanála atá oscailte agus trédhearcach agus ar deireadh thiar faoi réir ag soláthar maoine chun na tograí a chur i bhfeidhm. Féachann an clár seo le cothromú a fháil idir sláinte agus folláine an phobail agus bithéagsúlacht an Páirce a chosaint, agus ag an am gcéanna caighdeán na n-áiseanna sa Pháirc a uasghrádú agus a fheabhsú.

Cuirfear an clár seo chun cinn taobh istigh de pharaiméadair Phlean 2011 um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce, ina bhfuil an ráiteas Físe seo a leanas atá mar threoir oibre againn:

**Saintréithe stairiúla tírdhreacha Pháirc an Fhionnuisce maraon lena oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus nádúrtha a chosaint agus a chaomhnú, chomh maith le húsáid inbhuanaithe acmhainní na Páirce um chaitheamh aimsire agus imeachtaí cuí eile a áisiú, taighde a spreagadh agus atmasféar síochána agus suaimhnis a choinneáil.**

## Caomhaontas agus Oidhreacht Thógtha

**Beart Tosaíochta**

Plean a ullmhú um Chaomhnú agus Athchóiriú Dhún na hArmlainne, chun é a oscailt don phobal mar láthair staire míleata i mBaile Átha Cliath.

Beidh sé seo faoi réir ag an bpróiseas reachtúil pleanála le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Meastar go bhfuil spéis speisialta ailtireachta, teicniúla, stairiúla agus seandálaíochta ag baint leis an Dún. Baineann suntas idirnáisiúnta leis na foirgnimh ann. Baineann breis spéise le páirt John Corneille (innealtóir míleata) agus Francis Johnston (ailtire) in obair thógála an Dúin. Is é an t-aon dún armlainne in Éirinn ina bhfuil na hurláir adhmaid agus síleála babhtaí bunaidh.

**Bearta eile:**

1. Iarratas pleanála a chur chun cinn maidir leis an Droichead Cuimhneacháin atá molta ag Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh, mar bhealach glas coisithe/rothair chuig láithreacha cultúrtha eile – Príosún Chill Mhaighneann, Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann – agus mar chonair glas bithéagsúlachta ar dhá thaobh na Life.
2. Leanúint le caomhnú ar oidhreacht thógtha na Páirce agus clárú a dhéanamh ar ghnéithe uile oidhreachta thógtha sa Pháirc.

## Iompar agus Réthaisteal

**Beart Tosaíochta**

Staidéar um Iompar agus Réthaisteal a choimisiúnú, ag féachaint ar acmhainneacht um nascadh leis an bPáirc ón taobh amuigh i gcomhthreo le roghanna cuí inbhuanaithe um iompar agus réthaisteal taobh istigh den Pháirc.

- Dhéanfadh an staidéar seo athbhreithniú freisin ar úsáid fheithiclí, soláthar rothaíochta, nascadh do choisithe agus soláthar páirceála.
- Sa chomhthéacs seo ba cheart breathnú freisin ar straitéis um maolú tráchta chomh maith le naisc iompair phoiblí maidir le modhanna inbhuanaithe iompair.
- Mar chuid den staidéar seo déanfar athbhreithniú ar Ghlasbhealach Canálach Bhaile Átha Cliath (Lúb Istigh) agus tionscnaimh eile turasóireachta.

## Áiseanna do Chuairteoirí

**Beart Tosaíochta**
Pleananna a thabhairt chun cinn le haghaidh le haghaidh Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce, ar a n-áirítear mol fáilte agus treoraithe, bialann/caifé, Ionad Eolaíochta & Foghlama, leithris agus páirceáil (bus, carr agus rothar) laistigh de theorainneacha an diméin.

Tá na háiseanna ann faoi láthair breis agus tríocha bliain d'aois agus ní féidir freastal cuí a dhéanamh ar an 1.7 milliún cuairteoir a thagann ann gach bliain. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na háiseanna nua ag freagairt don leagan amach stairiúil agus na radharcanna ag an láthair seo, ach fós go mbeidh siad ar aon dul leis an gcleachtadh idirdnáisiúnta is fearr maidir le dearadh glas, inbhuanaitheacht agus rochtain do chách.

- Mol cuairteoirí ar chaighdeán idirnáisiúnta a fhorbairt, dírithe ar riachtanais chuairteoirí uile, a thabharfaidh láthair theachta, treoraithe agus léirmhíniúcháin do chuairteoirí a thagann chun na Páirce agus an cheantair mórthimpeall. Bíodh Bialann/Caifé mar chuid den mhol seo.
- Athchóiriú a dhéanamh ar an ionad Léirmhíniúcháin mar Ionad Eolaíochta & Foghlama, le léachtlann, seomraí ranga, leithris agus suíomhanna um thairiscint feabhsaithe oideachais le haghaidh scoileanna agus tionscnaimh phoiblí agus áitiúla.
- Pleanáil um sholáthar inbhuanaithe bus, carr agus rothar laistigh den suíomh, ag féachaint le páirceáil faoi thalamh a sholáthar anseo. Mura bhfuil sé seo indéanta ó thaobh eacnamaíochta dhe, ba cheart páirceáil a cheilt mar chosaint ar thírdhreach na háite.

**Bearta Eile:**
1. Athchóiriú ar an Teach Gloine Victeoiriach sa Ghairdín Cistine Victeoiriach
2. Comharthaíocht nua léirmhíniúcháin agus treoraithe le haghaidh Pháirc an Fhionnuisce agus na príomhtharraingtí ann
3. Áiseanna inbhuanaithe um uisce óil a sholáthar ag príomhláithreacha.

## Bithéagsúlacht agus Athrú Aeráide

1. Tírdhreach deartha agus bithéagsúlacht Pháirc an Fhionnuisce a bhainistiú agus a chur i láthair ar bhealach inbhuanaithe mar atá aitheanta ag an Scéim Bhratach Glas um Ghradaim Comhshaoil, na Gradaim Phailneora ag an Ionad Náisiúnta um Shonraí Bithéagsúlachta etc, de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.
2. Tionchair Bithéagsúlachta agus Athrú Aeráide gach tionscadail a bhreathnú roimh a bhfeidhmiú.
3. Tábhacht Bithéagsúlachta agus Athrú Aeráide a scaipeadh tríd an Ionad nua Eolaíochta agus Foghlama, tionscadail eolaíochta pobail agus imeachtaí poiblí mar 'Féile Bithéagsúlachta agus Taispeántas Meala Pháirc an Fhionnuisce".

## Feabhsú Cumarsáide

1. Gníomhú leis an bpobal agus le hionadaithe tofa ar an gclár atá molta um breisiú Pháirc an Fhionnuisce 2020-2025, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma i.e. cruinnithe le páirtithe leasmhara, preaseisiúintí, uasdhátú ráthúil ar shuíomh gréasáin Pháirc an Fhionnuisce, etc.
2. Anailís ar thuairimí an phobail maidir leis an Athbhreithniú Straitéiseach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce a fhoilsiú.
3. Athbhreithniú ar shuíomh gréasáin Pháirc an Fhionnuisce, ag féachaint chun uasdhátú rialta a sholáthar maidir leis na tionscnaimh éagsúla atá ar bun i bPáirc an Fhionnuisce.

# Iarscríbhinn: Tuarascáil agus anailís mionsonraithe aighneachtaí ag BSM

## Anailís ar Thuairimí an Phobail faoi Athbhreithniú Straitéiseach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce

Ins na leathanaigh seo a leanas (leathanaigh 30 go 50) tugtar tuarascáil ar anailís staidrimh mionsonraithe a d'ullmhaigh Brady Shipman Martin

BSM Est. 1968 Brady Shipman Martin. Built. Environment.

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá | 31 |
| 2 | Forbhreithniú Freagraí agus Scaipeadh Spásúil | 32 |
| 3 | Anailís ar Thuairimí | 34 |
| 3.1 | Ábhar na dTuairimí | 34 |
| 3.2 | Téamaí Ginearálta | 40 |
| 3.3 | An Páirtí Glas agus Tuairimí Bainteacha | 42 |
| 3.4 | Pobal / Oidhreacht / Comhshaol | 43 |
| 3.5 | Comhlachtaí Poiblí / Gníomhaireachtaí Fo-Stáit | 46 |
| 3.6 | Cumainn Cónaitheoirí | 47 |
| 3.7 | Ionadaithe Poiblí | 49 |
| AGUISÍN 1: SCAIPEADH DOMHANDA FREAGRAÍ | | 51 |
| AGUISÍN 2: CEISTEANNA AG ÉIRÍ AGUS CÉATADÁIN | | 52 |

# 1. Réamhrá

Ar son Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), d'ullmhaigh Brady Shipman Martin (BSM) an tuarascáil seo mar achoimre ar anailís na dtuairimí a fuarthas mar chuid de chomhairliúchán poiblí ag an OPW maidir leis an Athbhreithniú Straitéiseach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce (dá dtagartar mar an 'Athbhreithniú Straitéiseach').

Rith an comhairliúchán seo, ina raibh roinnt sraitheanna éagsúla, ón 19ú Márta go dtí an 31ú Bealtaine; bhí freagairt forleathan air, le tuairimí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuimsíodh iad seo a leanas sa chomhairliúchán poiblí:

- Bhí cóipeanna den dréacht-tuarascáil iomlán ar fáil le feiceáil ag Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce.
- Bhí taispeántas cuimsitheach a léirigh gnéithe lárnacha na tuarascála ag Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnuisce.
- Bhí an Dréacht-Achoimre Fheidhmeach agus cóip de théacs an taispeántais ar fáil le féachaint agus le híoslódáil ar an suíomh gréasáin www.phoenixpark.ie
- Glacadh le tuairimí faoin dréacht-thuarascáil trí ríomhphost chuig visitorpark@opw.ie nó sa phost chuig:

  Cathy Mahon<br>Oifig na nOibreacha Poiblí<br>Seirbhísí Oidhreachta<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 V240

- Seoladh litreacha chuig páirtithe leasmhara inmheánacha sa Pháirc á gcur ar an eolas maidir leis an Athbhreithniú Straitéiseach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce agus an comhairliúchán.

## Cúlra don Athbhreithniú Straitéiseach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce

Tá comhpháirtíocht straitéiseach bunaithe ag an OPW le Fáilte Ireland chun clár infheistíochta chaipitiúil i láithreacha oidhreachta na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun cinn i gcomhar le chéile. Tá an díriú lárnach ar áiseanna agus eispéireas cuartaíochta a bhreisiú agus léirmhíniúchán nua a sholáthar, a fhéadfaidh ról lárnach a imirt maidir le cuairteoirí ón iasacht a mhealladh go hÉirinn. Is é an OPW is mó atá freagrach as cúram na láithreacha oidhreachta is mó tábhacht in Éirinn, ar nós Pháirc an Fhionnuisce. Leis an gcomhpháirtíocht seo, táthar ag súil infheistíocht straitéiseach ins na láithreacha oidhreachta a chur chun cinn, ag tabhairt aird ar thábhacht na láithreacha oidhreachta, á gcaomhnú do na glúin atá romhainn agus ag cur leis an eispéireas cuartaíochta do chách.

Is iad aidhmeanna an Athbhreithnithe seo ná:

1. Athbhreithniú ar acmhainn um fhorbairt 'turasóireachta' Pháirc an Fhionnuisce feasta
2. Plean forbartha le haghaidh Ionad Cuairteoirí Pháirc an Fhionnusice a ullmhú
3. Plean forbartha le haghaidh Dún na hArmlainne a ullmhú

Deir Achoimre an Athbhreithnithe freisin:

- Féadfaidh breisiú ar eispéireas cuartaíochta agus tarraingteacht Pháirc an Fhionnuisce cur le tarraingteacht an chnuasaigh suíomhanna seo agus ar an gcaoi sin sochair eacnamaíocha na turasóireachta i mBaile Átha Cliath a leathnú.
- Féadfaidh Páirc an Fhionnuisce mar láthair turasóireachta leathnú amach agus aicmí nua úsáideoirí a mhealladh. Sa chuid seo den staidéar is gá do chomhairleoirí forbhreithniú straitéiseach ar an bPáirc a ullmhú agus moltaí a dhéanamh maidir le forbairt turasóireachta na Páirce feasta mar eispéireas íocónach.
- Is aidhm don Athbhreithniú Straitéiseach táirgí nua a chruthú chomh maith le togra do chuairteoirí a réitíonn le straitéis bhranda Bhaile Átha Cliath.

Ins an Dréacht-Athbhreithniú Straitéiseach ar Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce, scrúdaíodh cúig cheantar ar leith i bPáirc an Fhionnuisce; breathnaíodh téamaí maidir le fáilte, stair agus oidhreacht, gníomhaíocht agus folláine, aitheantas, bithéagsúlacht agus nascacht leis an gcathair a mheas, mar atá agus mar a fhéadfadh a bheith amach anseo. Ins an tuarascáil leagtar amach 29 moladh ar leith don Pháirc. Ach iad seo a chur i bhfeidhm, mhéadofaí ar áit na Páirce in eacnamaíocht turasóireachta na hÉireann agus ag an am gcéanna dhéanfaí saintréithe ar leith na Páirce a chaomhnú agus a chosaint mar áit phléisiúir do na glúin atá romhainn.

# 2. Forbhreithniú Freagraí agus Scaipeadh Spásúil

## Ábhar agus foinse Freagraí

Bhí móramh na bhfreagraí ó úsáideoirí na Páirce a chónaíonn gar don áit, cuid mhór díobh ag dul ann go rialta. Cé nach raibh aon seoladh baile ar chuid mhór freagraí a fuarthas trí ríomhphost, ba as cathair Bhaile Átha Cliath an chuid is mó díobh a thug seoladh poist. Bhí roinnt tuairimí nach raibh bunaithe ar an Athbhreithniú Straitéiseach ach a thug tuairimí ginearálta maidir le Páirc an Fhionnuisce.

San achainí ón Chomhairleoir Neasa Hourigan (An Comhaontas Glas) bhí seoltaí an lucht sínithe (féach Figiúr 1). Tá aighneachtaí freisin ó áiteanna ar fud Éireann. Tháinig líon beag ón iasacht – an Eoraip, an Nua-Shéalann, an Astráil agus na Stáit Aontaithe (féach Figiúr 2). Ina dteannta sin tháinig tuairimí ó eagraíochtaí pobail agus comhshaoil, ionadaithe poiblí agus cumainn chónaitheoirí.

Áirítear orthu seo:

## Pobal / Oidhreacht / Comhshaol

All Ireland Polo Club, Athletics Ireland, An Taisce, Cairde Éanlaith Éireann, Civil Service Harriers Athletic Club, Community Road Safety Action & Information Network (COSAIN), Conradh na Gaeilge, Dublin Chamber, Dublin Cycling Campaign (cycling.ie), Friends of Mayo Dark Skies, ICOMOS National Scientific Committee on Cultural Landscapes, Irish Environmental Network, Irish Pedestrian Network, Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, Kilmainham Inchicore Network (KIN), Leave No Trace, Na Gaeil Óga CLG, Northern Ireland Heritage Gardens Trust, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, Phibsboro Village Tidy Towns, Royal Canal Park Community Association, Wild Awake & Phoenix Forest School.

## Eagrais Phoiblí / Fo-Stáit

Bord Bia, Grúpa Réadmhaoine CIÉ

## Ionadaithe Poiblí

(Comhairleoirí, Teachtaí Dála) - Andrew Montague Clr, Ciaran Cuffe (MEP) Comhaontas Glas, Cieran Perry Clr, Jack Chambers TD, Joan Burton TD, John Walsh Clr, Oifig an Taoisigh Leo Varadkar(Ted Leddy Clr), Marie Sherlock, Mary Fitzpatrick Clr, Neasa Hourigan Clr, Roderic O'Gorman Clr, Ruth Coppinger TD, Tina MacVeigh Clr, Emer Currie Clr

## Cumainn Chónaitheoirí

Chapelizod Residents Association, Deer Park Area Residents Association, The Georgian Village Residents Association, Kilmainham Inchicore Network (KIN), Kirkpatrick Rockfield Coolmine Residents Association, Navan Road Community Council (NRCC), Royal Canal Park Community Association

## Suíomh: seoladh / Google Maps

Tugann an mapa anseo léiriú ar scaipeadh na bhfreagraí. Sheol Neasa Hourigan Clr aighneacht ina raibh seoltaí móramh na bhfreagraí. Tá cruinneas éagsúil ins na seoltaí seo agus mar sin ba cheart iad a bhreathnú mar léiriú ginearálta.


Ní raibh seoltaí poist ar fáil ach i mbeagán de na freagraí ríomhphoist.

## Foirm na n-aighneachtaí


| | |
|---|---|
| Cóip chrua: | 21 |
| Ríomhphoist ar leithligh: | 1,121 |
| Ríomhphoist teimpléid: | 425 |
| Sínithe aighneachta: | 4,511 |

As 1,546 thuairim a fuarthas trí ríomhphost, bhí 425 (thart faoi 27%) i bhfoirm teimpléid a d'ullmhaigh Neasa Hourigan Clr ar son an Chomhaontais Ghlais agus a taispeánadh ar líne um a úsáid ag lucht tuairimí.

.




*Figiúr 1: Scaipeadh seoltaí na bhfreagraí in Éirinn (spota gorm).*



*Figiúr 2: Scaipeadh seoltaí na bhfreagraí i mBAile Átha Cliath (spota gorm).*

# 3. Anailís na dTuairimí

## Modheolaíocht

Tá an achoimre thíos bunaithe ar anailís a rinne BSM. Breathnaíodh gach freagra agus a raibh ann. Rinneadh anailís maidir le téamaí ar gach ríomhphost trí thábla Excel; leagadh luach (1) ar gach uair a luadh téama sa fhreagra. Tugadh suntas do 19 dtéama éagsúil ins na tuairimí poiblí a fuarthas.

Tugtar liosta achoimreach iomlán na dtéamaí in Aguisín 2; sonraítear gach téama in ord minicíochta (ard go híseal). Féach Aguisín 3 um chur síos iomlán gach téama. Úsáideadh an t-iomlán carnach in ullmhú na gcéatadán. (Nóta: Mar gheall ar líon na dTuairimí de réir teimpléid an Chomhaontais Ghlais, breathnaíodh é seo mar Aighneacht ann féin; tá athbhreithniú ar leith air seo in 3.3 thíos).

## 3.1 Ábhar na dTuairimí

Ar an iomlán d'éirigh cuid mhór spéise as an Athbhreithniú Straitéiseach; thacaigh roinnt freagróirí leis an Athbhreithniú, leis an bpróiseas agus leis na feabhsaithe/uasghrádaithe ar bhonneagar na Páirce a moladh, ach ba mhinic cur in aghaidh scála agus réimse na dtograí/idirghabhála.

D'eirigh na téamaí seo a leanas go minic:

**Ba cheart saintréithe na Páirce a chaomhnú mar atá, neamhfhoirmiúil agus leath-fhiáin**

**25.9%**

Bhí imní ar mhórán go ndéanfadh idirghníomaíochtaí díobháil do shaintréithe bunúsacha na Páirce agus gur ceart é a fhágáil mar atá.

Ba é an téama ba mhó a ardaíodh ins na tuairimí ná gur ceart an Pháirc a fhágáil mar atá, neamhfhoirmiúil; mheas roinnt daoine gur staid leath-fhiáin é seo.

Bhí mórán nár theastaigh aon athrú uathu agus thagair siad don ghradam idirnáisiúnta a fuair Páirc an Fhionnuisce le déanaí.

## Tábhacht na Páirce mar spás glas don oidhreacht nádúrtha, bithéagsúlacht agus maolú ar athrú aeráide

**19.2%**

Leag cuid mhór aighneachtaí béim ar thábhacht na Páirce mar spás glas, mar thearmann bithéagsúlachta, agus nár tugadh aird a dhóthain ar cheisteanna maidir leis an athrú aeráide sa Phlean.

Dúradh nár chóir do na moltaí oidhreacht nádúrtha na Páirce a laghdú le caillteanas spáis ghlais agus cur as don bhfiadhúlra.

Ceapadh go raibh sé míchuí an Phairc a roinnt i 'gceathrúna' mar ba cheart go mbainfeadh bithéagsúlacht leis an bPáirc ar fad agus conacthas é seo mar chéim síos.

## In aghaidh an Pháirc a rófhorbairt agus a thráchtálú

**19.1%**

Dúradh go mbeadh rófhorbairt agus tráchtálú na Páirce mar thoradh ar na tograí. Ach go háirithe, luadh an méid tógála nua agus an spás glas a chaillfí.

Chuir roinnt aighneachtaí fáilte roimh ionad cuairteoirí ar scála beag nó athchóiriú ar Dhiméin Bhaile an Ásaigh, ach bhí an móramh in aghaidh ionad mór cuairteoirí nó 'ailtireacht ráitis' a rachadh chun dochair saintréithe na Páirce. Bhíothas in aghaidh halla miondíola freisin.

## Tacú le húsáid ghluaisteán a laghdú agus feabhas ar bhainistiú tráchta

**14.5%**

Cheap cuid mhór daoine go bhfuil an iomarca tráchta sa Pháirc. Tacaíodh le bearta um rochtain fheithiclí a laghdú, teorainneacha luais a fheidhmiú agus bainistiú tráchta a fheabhsú um shábháilteacht.

Mheas mórán daoine nár chuaigh na tograí fada go leor agus gur ceart deireadh ar fad a chur le húsáid ghluaisteán sa Pháirc.

## In aghaidh a thuilleadh forbartha miondíola agus caifé

**13.6%**

Bhí cuid mhór in aghaidh 'deiseanna miondíola' breise, ag rá go mbainfeadh a leithéid ó shaintréithe na Páirce agus nach raibh gá leis. Dúirt cuid mhór go raibh na háiseanna atá ann cheana féin dóthaineach ach dúirt roinnt eile go mbeadh uasghrádú cuí inghlactha.

D'fhéadfaí glacadh le háiseanna caifé ar scála beag sa chás go dtacófaí leis na soláthróirí reatha agus go mbeadh siad ag teacht le saintréithe na Páirce.

## In aghaidh moltaí um pháirceáil bhreise do ghluaisteáin

**13.6%**

Mheas cuid mhór go raibh an moladh um pháirceáil bhreise do ghluaisteáin iomarcach. Ach go háirithe, dúradh dá ndéanfaí carrchlós buan de charrchlós sealadach Bloom go gcaillfí spás glas agus go meallfaí tuilleadh tráchta isteach sa Pháirc.

## Áiseanna breise

**10%**

Tá gá le háiseanna breise, go háirithe leithris chomh maith le boscaí bruscair agus scairdeáin uisce.

## Tacú le moltaí maidir le Dún na hArmlainne

**8.9%**

Thacaigh cuid mhór tuairimí leis na moltaí maidir le Dún na hArmlainne, mar shampla tarraingt do chuairteoirí a chruthú  agus athchóiriú na rampar.

Ach dúradh gur cóir an fhorbairt a réiteach le saintréithe agus scála na Páirce. Ach go háirithe, ba cheart go gcoimeádfaí caifé agus áiseanna ar scála beag.

## Tograí um Iompar Inbhuanaithe

**8.7%**

Tacú le tograí um iompar inbhuanaithe – iompar poiblí, tointeála leictreacha, nó feabhsú rochtana ar iarnród nó síneadh ar an Luas.

## Áiseanna do rothair agus do choisithe

**8.1%**

Cuireadh fáilte roimh áiseanna do choisithe agus do rothair a fheabhsú – deisiú dhromchla, cosáin bhreise, trasnáin, bainistiú breise um shábháilteacht, stáisiúin bhreise Dublin Bike agus láithreacha cíosa.

## Tacú le tograí um naisc nua coisithe agus rothair le Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh taobh theas den Life

**7.8%**

Thacaigh cuid mhaith le tograí nua um dhroichead coisithe/rothar chuig Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh. Lorg cuid mhaith freisin nasc dá leithéid le Páirc Bhaile Uaitéir, nó athnuachan ar an Droichead Airgid. Mheas roinnt daoine go mbeadh iarnród cáblach iomarcach. Ar an iomlán d'fhéadfaí rianta rothar a bhainistiú ar bhealach níos fearr.

## Béim níos mó ar mhuintir na hÉireann seachas turasóirí

**7.8%**

Dar le cuid mhór daoine, ba chóir go mbeadh an Plean dírithe ar mhuintir Bhaile Átha Cliath agus na hÉireann seachas an 'turasóir'. Ceapadh go raibh tagairtí mar 'táirge turasóireachta' agus 'acmhainneacht'na Páirce mí-oiriúnach.

## Easnaimh sa phróiseas comhairliúcháin

**7%**

Bhí cuid mhaith daoine míshásta leis an bpróiseas comhairliúcháin féin. Dúradh go raibh an tréimhse ama ró-ghairid, nach raibh an doiciméad féin soiléir ó thaobh teanga dhe agus nár sainíodh scóip an chomhairliúcháin.

Bhí daoine eile míshásta nach raibh an doiciméad iomlán ar fáil ar líne agus go raibh rochtain srianta ar an dtaispéaint phoiblí.

## Tacú leis an bplean

**4.5%**

Thacaigh roinnt daoine le prionsabail an phlean agus leis an bpróiseas maidir leis seo.

## In aghaidh na dtograí maidir le 'Pailliún Fáilte'

**3.7%**

Measadh go raibh scála agus dearadh an Phailliúin Fáilte mí-oiriúnach. Mheas cuid mhór nach raibh aon ghá leis agus go bhféadfaí foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú.

## Ionad Cuairteoirí

**2.3%**

Bhíothas in aghaidh na dtograí ar leith maidir leis an Ionad Cuairteoirí ag Baile an Ásaigh.

## Feabhas ar Rochtain do chách

**2%**

Dúradh gur ceart rochtain do chách a bhreathnú ins na tograí uile, ach go háirithe do dhaoine scothaosta agus dóibh siúd le páistí. Baineann sé seo freisin le moltaí maidir le feabhsú ar chosáin agus ar pháirceáil inrochtana.

## Comharthaíocht agus eolas

**1%**

Tacú le treorú, eolas agus comharthaíocht bhreise a réitíonn le saintréithe na Páirce.

## Caiféanna breise agus áiseanna uasghrádaithe

**0.7%**

Thacaigh roinnt daoine le cúpla caifé breise (e.g. maidir le Dún na hArmlainne) agus uasghrádú cuí ar áiseanna atá ann cheana.

Dúradh gur cóir na forbairtí seo a choimeád in oiriúint le saintréithe agus scála na Páirce, ach go háirithe go mbeadh caiféanna agus áiseanna ar scála beag.

## 3.2 Téamaí Ginearálta

Tá an 19 n-ábhar thuas grúpaithe i 5 théama ginearálta agus na céatadáin comhaontaithe. Léirítear na ceisteanna ag éirí ó gach téama thíos:

| Caomhnú agus oidhreacht thógtha | 65.4% |
|---|---|

- Ba cheart an Pháirc a fhágáil mar atá (nádúrtha, neamhfhoirmiúil agus fiáin) agus a saintréithe a choinneáil mar atá.
- In aghaidh rófhorbairt, spás glas a chailliúint agus tráchtálú na Páirce.
- Tacú le tograí maidir le Dún na hArmlainne agus áiseanna bainteacha oiriúnacha.
- Tacú le nasc do choisithe/rothair thar Life ó dheas (e.g. droichead coisithe thar Life / nasc le Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh nó nasc le Baile Uaitéir).
- Ba chóir an tAthbhreithniú Straitéiseach a dhíriú níos mó ar mhuintir na hÉireann seachas ar chuairteoirí sealadacha um 'tháirge turasóireachta' agus brabach.

| Iompar agus Réthaisteal | 48.6% |
|---|---|

- Ar an iomlán in aghaidh Ascaill Chesterfield a dhúnadh agus aon laghdú ar úsáid ghluasteán a n-imreodh ar chomaitéirí ach go háirithe.
- Tacú le tograí um iompar inbhuanaithe – iompar poiblí, tointeála leictreacha, nó feabhsú rochtana ar iarnród nó síneadh ar an Luas.
- Fáilte in iomlán roimh áiseanna do choisithe agus do rothair a fheabhsú – deisiú dhromchla, cosáin bhreise, trasnáin, bainistiú breise um shábháilteacht, stáisiúin bhreise Dublin Bike agus láithreacha cíosa.
- Tacú le bealach na Páirce do fheithiclí a laghdú (trácht a mhaolú, rochtain a chosc i bpáirt, teorainneacha luais a fheidhmiú agus bainistiú breise tráchta).
- In aghaidh pháirceáil bhreise ar bith (e.g. carrchlós buan ag láthair Bloom)

| Áiseanna do Chuairteoirí | 36.7% |
|---|---|

- Áiseanna breise de dhíth, ach go háirithe leithris ach freisin boscaí bruscair agus scairdeáin uisce.
- In aghaidh pháirceáil bhreise ar bith (e.g. carrchlós buan ag láthair Bloom)
- Ba chóir an tAthbhreithniú Straitéiseach a dhíriú níos mó ar mhuintir na hÉireann seachas ar chuairteoirí sealadacha um 'tháirge turasóireachta' agus brabach.
- In aghaidh na dtograí ar leith maidir leis an Ionad Cuairteoirí ag Baile an Ásaigh.
- Tacú le comharthaíocht bhreise um threorú agus eolas ag réiteach le saintréithe na Páirce.
- Ba cheart áiseanna agus rochtain do chách a sholáthar.

| An Próiseas Comhairliúcháin / Cur chuige | 11.5% |
|---|---|

- Bhí an próiseas comhairliúcháin easnamhach (ró-ghairid, structúr agus teanga doiléir, ní raibh an plean iomlán ar líne etc.)
- Thacaigh roinnt daoine le prionsabail an phlean agus leis an bpróiseas maidir leis seo.

| Bithéágsúlacht agus athrú aeráide | 19.2% |
|---|---|

- Tá an Pháirc ríthábhachtach don chathair mar spás / scámhóg ghlas sa chathair. Caithfear an oidhreacht nádúrtha a choinneáil / bithéagsúlacht a chosaint / crainn agus plandaí fiáine a leathnú. Deis den scoth maidir le hathrú aeráide.

## Ceisteanna eile

Tugaimid aird ar na ceisteanna seo a leanas (thart faoi níos lú ná 1%):

- Áiseanna do mhadraí a sholáthar;
- Is gá feabhas ar bhainistiú bruscair;
- Geataí a tógadh anuas le haghaidh cuairt an Phápa a chur ar ais;
- Níl an t-iarnród cáblach oiriúnach;
- Is beag duine a aontaigh ná a easaontaigh le moltaí faoi chomharthaíocht;
- Tá sé oiriúnach an Pháirc agus na foirgnimh ann a úsáid um oideachas;
- Measadh ról Fáilte Ireland mar pháirtí leasmhar míchuí;
- Is gá tuilleadh caiféanna sa Pháirc

Maidir leis na tograí faoin Líne Láir – mar shampla, taispeántais ealaíne agus bothanna tráchtála – mheas cuid mhór nach raibh na tograí oiriúnach don Phairc; dúradh gur minic nach mbaintear úsáid fhadtéarmach as áiseanna aclaíochta faoin spéir.

# 3.3 An Comhaontas Glas & Tuairimí Bainteacha

Shínigh thart faoi 4,500 duine an t-achainí ag tacú leis an aighneacht thíos a d'ullmhaigh Neasa Hourigan Clr ar son an Chomhaontais Ghlais. Bhí 425 ríomhphost a fuair an OPW de réir an reimpléid seo. Réitíonn cuid de na téamaí ann leis an anailís thuas. Tá sé roinnte i gceithre pháirt:

1. Áiseanna Miondíola a Fhorbairt
2. Tailte páirce, an Nádúr agus Fiadhúlra
3. Iompar chuig an Pháirc agus Mórthimpeall ann
4. Cáilíocht Spáis: Luach Staire agus Sóisialta, Torann agus Cur Isteach

## Áiseanna Miondíola a Fhorbairt

Deirtear gur ionann agus rófhorbairt Pháirc an Fhionnuisce na foirgnimh atá molta. Ba chóir structúir reatha a dhaingniú agus a uasghrádú um leithris agus áiseanna do thurasóirí a sholáthar.

Deirtear gur ceist lárnach na Páirce í Ascaill Chesterfield a bheith mar cheann de phríomhbhóithre isteach sa chathair ó Chaisleán Cnuca agus mórthimpeall. Ba chóir díriú ar fhoirgnimh reatha a iarfheistiú. Táthar go mór in aghaidh deiseanna miondíola sa Pháirc a spreagadh mar gheall ar thionchair tráchta, tógála, dramhaíola agus torainn.

## Tailte páirce, an Nádúr agus Fiadhúlra

Deirtear gur cóir díriú na Páirce in iomlán a bheith ar spás glas, fiadhúlra agus bithéagsúlacht. Deirtear freisin go bhféachann na tograí um bithéagsúlacht a chur siar chuig ceathrú amháin den Pháirc. Deirtear go leagann an plean seo amach cuspóirí maidir leis an spás nádúrtha atá easnamhach agus nach bhfuil léirithe go cruinn.

## Iompar chuig an Pháirc agus Mórthimpeall ann

Táthar go mór in aghaidh carrchlós Bloom a bhuanú – 'cur isteach abhalmhór ar thírdhreach nádúrtha na Páirce. Tá sé dochreidte go gceapadh an OPW é seo a dhéanamh ina charrchlós buan.'

Deirtear freisin nach bhfuil na tograí iompair in iomlán soiléir; rachadh leagan amach soiléir chun sochair na Páirce sa bhfadtéarma agus ba chóir díriú ar thaisteal gníomhach. Cé go bhfuil cuid de na tograí sa phlean go maith, tá gá le bonneagar rothaíochta níos fearr agus níos cuimsithí. Maidir le spás roinnte, ba cheart breathnú níos mó ar choisithe; is cúis imní do choisithe an spás roinnte ar an Líne Láir.

## Cáilíocht Spáis: Luach Staire agus Sóisialta, Torann agus Cur Isteach

Deirtear nach dtugann an tAthbhreithniú Straitéiseach um Pháirc an Fhionnuisce aird ar an bPlean um Bainistiú Caomhaontais maidir le tógáil nua sa Pháirc ná maidir le tacú bithéagsúlachta, dhá ghné atá tábhachtach maidir le luach stairiúil agus tírdhreach stairiúil.

# 3.4 Pobal / Oidhreacht / Comhshaol

## All Ireland Polo Club (AIPC)

**Tá All Ireland Polo Club (AIPC) lonnaithe i bPáirc an Fhionnuisce sa pháirc 'Naoi nAcra'.**
Ní ceart beag is fiú a dhéanamh den turasóireacht agus den bhfostaíocht a thugann an AIPC chuig Páirc an Fhionnuisce ná dá acmhainneacht forbartha. Baineann suntas stairiúil leis an oidhreacht thógtha ag an gclub agus páirc na 'Naoi nAcra', agus tá fás leanúnach air mar láthair turasóireachta le deiseanna fostaíochta, oideachais agus oiliúna. Ó thaobh staire agus turasóireachta, is é an AIPC ceann de na spóirt is tábhachtaí i bPáirc an Fhionnuisce.

## An Taisce

**Eagras comhshaoil agus neamhrialtasach is ea An Taisce.**
Rinneadh tagairt don droch-thionchar a thiocfadh as pailliúin nua-aoiseacha a thógáil ar ascaill stairiúil láir na Páirce, agus do thionchar tráchta sa Pháirc. Níl an soláthar páirceála inbhuanaithe agus baineann siad go mór ón tírdhreach stairiúil agus nádúrtha. Caithfidh laghdú suntasach ar an líon feithicli ag teacht isteach sa Páirc a bheith mar chuspóir uileghabhálach ag an Athbhreithniú Straitéiseach. Ní mór feabhas a chur ar an spás poiblí sa bhealach isteach ag Sráid Gheata na Páirce.

Is fearr foirgnimh reatha a athúsáid seachas structúir nua a thógáil, ag tabhairt aird ar inbhuanaitheacht agus an gá um thírdhreach stairiúil na Páirce a chaomhnú, go háirithe mar chuid den athchóiriú ar Dhún na hArmlainne. Rachadh sé chun sochair na Páirce úsáid a bhaint as foirgnimh thréigthe sa chomharsanacht.

## Athletics Ireland

**Is é Athletics Ireland an t-eagras náisiúnta rialaithe um lúthchleasa in Éirinn, a ritheann imeachtaí carthanais agus iomaíocha sa Pháirc.**
Deirtear go bhfuil an tAthbhreithniú Straitéiseach i bhfábhar turasóirí seachas riachtanais mhuintir Bhaile Átha Cliath agus cáiníocóirí na hÉireann atá ag lorg stíl mhaireachtála níos folláine.

Tugtar liosta de na himeachtaí reathaíochta a tharlaíonn sa Pháirc agus déantar iarratas athbhreathnú ar na pleananna ionas nach gcuirfear isteach ar na hócáidí seo.

## Cairde Éanlaith Éireann

**Eagras neamhspleách caomhantais é Cairde Éanlaith Éireann, atá dírithe ar chosaint éanlaithe.**
Ar an iomlán aontaíonn siad go bhfuil na bearta atá molta go maith agus gur céim chun cinn iad don Pháirc agus do chuairteoirí. Deirtear gur cóir don OPW gníomhú le saineolaithe sula ndéantar pleananna a chríochnú ionas go seachnófar fadhbanna níos déanaí, agus tairgeann ach go háirithe comhairle maidir le lomadh féir le linn séasúir na fuiseoige agus cothabháil claíocha.

## Civil Service Harriers Athletic Club

**Club atá lonnaithe i bPáirc an Fhionnuisce é Civil Service Harriers Athletic Club. Tá bunáit an Chlub suite sa cheathrú atá molta le haghaidh Imeachtaí; tá imní orthu go n-imreodh tograí ar leith ar a n-áiseanna oiliúna agus páirceála.**
Ní ceart go rachadh tograí chun dochair dóibh siúd a úsáideann áiseanna iontacha na Páirce ó lá go lá; ba cheart dul i gcomhairle le clubanna/eagrais atá lonnaithe sa Pháirc maidir le hathraithe atá molta sa leagan amach.

## Community Road Safety Action & Information Network (Cosain)

**Is grúpa pobail é COSAIN agus é mar aidhm acu go mbeadh Gaillimh níos sláine mar chomhshaol fáilteach dóibh siúd nach é an carr príobháideach a modh taistil.**
Cuireann siad béim ar iompar inbhuanaithe, taisteal gníomhach, gníomhú aeráide agus cosaint an nádúir sa Pháirc.

## Conradh na Gaeilge

**Eagras sóisialta agus cultúrtha is ea Conradh na Gaeilge a chuireann an Ghaeilge chun cinn.**
Molann Conradh na Gaeilge an chuid ó dheas d'Ascaill Chesterfield (ó Shraid Gheata na Páirce go Gallán an Fhionnuisce) a athainmniú mar Ascaill de Híde, i gcuimhne ar Dhúghlas de Híde, céad-Uachtarán na hÉireann. Moltar freisin dealbh ina onóir a thógáil laistigh den Pháirc. Moltar go mbeadh aon eispéireas cuartaíochta atá i gceist don Pháirc ar fáil trí mheán na Gaeilge, ionas go mbeadh deis ag páistí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge páirt a glacadh san eispéireas ina rogha teanga. Molann Conradh na Gaeilge chomh maith na seanchomharthaí Gaeilge sa Pháirc a chaomhnú.

## Dublin Chamber

**Is eagras é Dublin Chamber atá dírithe ar ráthaíocht ghnóthais i lár Chathair Bhaile Átha Cliath.**
Fáiltíonn siad roimh naisc leis an gcathair a fheabhsú, ag rá gur cóir don Pháirc dul i muinín roghanna inbhuanaithe iompair seachas an carr príobháideach. Níltear ag tacú le soláthar breise páirceála. Ba cheart don OPW tosaíocht a thabhairt do roghanna iompair phoiblí atá comtháite agus inbhuanaithe chun naisc idir an chathair agus Páirc an Fhionnuisce a fheabhsú – bonneagar iarnróid, rothaíochta agus siúil san áireamh.

Ba cheart go mbeadh forbairtí iompair phoiblí inbhuanaithe, ag baint feidhm as an teicneolaíocht is déanaí saor ó astaíochtaí, agus aird ar stair agus saintréithe na Páirce. Tugtar liosta moltaí ar an dul seo.

## Dublin Cycling Campaign (cycling.ie)

**Grúpa deonach neamhspleách é Dublin Cycling Campaign, a dhéanann stocaireacht áitiúil agus náisiúnta chun coinníollacha rothaíochta a fheabhsú agus aitheantas níos fearr a thuilleamh maidir le sochair na rothaíochta.**
Fáiltíonn an grúpa roimh an Athbhreithniú Straitéiseach ar an iomlán; céim thábhachtach í an ceangail níos fearr leis an gcathair agus leis na ceantair taobh le Páirc an Fhionnuisce.

Beidh ról lárnach ag rothaíocht agus ag taisteal gníomhach maidir le cur chun cinn na moltaí atá leagtha amach, agus tá an grúpa ag tnúth le páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin amach anseo. Is páirtí leasmhar lárnach é Dublin Cycling Campaign maidir le pleanáil um réthaisteal/iompar i gCathair Bhaile Átha Cliath.

## Friends of Mayo Dark Skies

**Grúpa deonach pobail é The Friends of Mayo Dark Skies a thacaíonn le cuspóirí an Mayo Dark Sky Park agus atá i mbun taighde agus forbartha san tionscnamh seo. .**
Iarrtar úsáid soilse LED os cionn 3,000 kelvin a sheachaint mar gheall ar thionchar ar bhithéagsúlacht agus ar fhiadhúlra. Pléann siad tábhacht na spéartha dorcha agus truailliú solais.

## ICOMOS National Scientific Committee on Cultural Landscapes

**Cumann gairmiúil é International Council on Monuments and Sites (ICOMOS) a oibríonn um chaomhnú agus um chosaint suíomhanna oidhreachta cultúrtha ar fud an domhain.**
Cumann gairmiúil é International Council on Monuments and Sites (ICOMOS) a oibríonn um chaomhnú agus um chosaint suíomhanna oidhreachta cultúrtha ar fud an domhain.

Dhírigh aighneacht ICOMOS go príomha ar oidhreacht thógtha agus caomhnú. Deirtear gur cóir tograí don Pháirc a bheith faoi réir ag Measúnú Thírdhreach Stairiúil (HLA) chun tionchar na dtograí ar thírdhreach stairiúil na Pairce a mheas.

Ba cheart go mbeadh Plean um Bainistiú Réthaistil ag freagairt do riachtanais reatha ach freisin ag aithint gur dóichí go dtiocfaidh athrú orthusan feasta mar gheall ar athrú aeráide. Tacaítear le naisc ó Pháirc an Fhionnuisce chuig spásanna glasa eile lasmuigh.

Deirtear freisin gor cóir don Athbhreithniú Straitéiseach a bheith i gcomhréir le Plean 2011 um Bainistiú Caomhantais; táthar in aghaidh na dtograí um ionad fáilte toisc iad a bheith ró-fheiceálach agus cuireadh béim ar ghníomhú áitiúil.

## Irish Environmental Network (IEN)

**Is é atá san Irish Environmental Network ná líonra Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENR) comhshaoil a oibríonn ar a gconlán féin, agus nuair is cuí, i gcomhar le chéile chun an comhshaol a chosaint agus a neartú.**
Iarrann IEN go scagtar an togra um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil. Pléitear freisin easnaimh an phróisis chomhairliúcháin agus dualgas dlíthiúil an OPW tuilleadh eolais a sholáthar faoin tionscadal.

## Irish Pedestrian Network

**Grúpa é Irish Pedestrian Network (IPN) a chuireann chun cinn riachtanais na gcoisithe ar bhealach atá uaillmhianach agus cuimsitheach, chun spás poiblí a sholáthar atá inrochtaine, insiúlta agus ag tacú le sláinte an duine agus an domhain araon.**
Tá cuid mhór d'aighneacht IPN ar aon dul leis an aighneacht a d'ullmhaigh an Comhaontas Glas. Tacaítear le straitéis chomhtháite um ghluaiseacht sa Pháirc, le comharthaíocht bhreise do choisithe agus le díriú ar áiseanna agus spásanna glasa. Ach táthar in aghaidh bhéim ar an líne láir agus ar spás roinnte a chuimsiú ann.

## Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann

**Carthanas náisiúnta caomhantais é IFÉ a oibríonn um fheasacht ar thábhacht an nádúir do dhaoine a ardú.**
Deirtear gur soiléir go bhfuil an tAthbhreithniú Straitéiseach dírithe ar an líon cuairteoirí chun na Páirce a mhéadú. Tá imní orthu nár breathnaíodh ar acmhainn na Páirce um ghlacadh le méadú mar sin. Ní mór tosaíocht a thabhairt d'oidhreacht nádúrtha na Páirce. Sa chomhthéacs seo ní bheadh sé inmhianaithe spás glas a iompú go cruadhromchla. Níl aon tagairt sa Phlean maidir le luach fiadhúlra na Páirce a bhreisiú.

## Leave No Trace

**Clár eitice lasmuigh is ea Leave No Trace atá dírithe ar chaitheamh aimsire freagrach lasmuigh a spreagadh trí oideachas, taighde agus comhpháirtíochtaí.**
Bheadh áthas ar Leave No Trace oibriú taobh leis an OPW agus Páirc an Fhionnuisce, go háirithe maidir le hoideachas um athrú dearfach iompair sa chaitheamh aimsire lasmuigh. Moltar go ndéanfaí mapa gnáthóga don cheathrú bithéagsúlachta. Laistigh de na ceathrúna, áit a chuirtear eolas ar fáil do chuairteoirí, ba mhaith le Leave No Trace Ireland seacht bprionsabal 'leave no trace' a fheiceáil.

## Na Gaeil Óga CLG

**Is club lúthchleasa Na Gaeil Óga atá onnaithe i bPáirc an Fhionnuisce.**
Deir siad nach bhfuil tagairt ar bith san dréacht maidir le spórt, CLG ná páirceanna imeartha.

Is mian leo a chinntiú go mbeidh na páirceanna seo ar fad ann feasta agus go mbeidh rochtain orthu gan bac ag imreoirí.

Ba cheart díriú ar an bpobal áitiúil á úsáideann an Pháirc agus oidhreacht na Páirce a chothú trí athchóiriú ar fhoirgnimh atá ann seachas foirgnimh nua a thógáil, agus na páirceanna agus spásanna glasa a chosaint.

## Northern Ireland Heritage Gardens Trust

**Is aidhm don NIHGT páirceanna agus gairdíní oidhreachta an oileáin ar fad a chaomhnú, a chosaint agus a chothú.**
Dar linn is athbhreithniú ailtireachta ar fad atá anseo; níl aon chúlra ag lucht a chumtha maidir le tírdhreacha ná gairdíní stairiúla agus ní réitíonn sé le Plean 2011 um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce. Ní réitíonn an tlonad Cuairteoirí atá molta le saintréithe na Páirce. Bheadh lóiste beag níos oiriúnaí, ag réiteach le saintréithe na Páirce agus suite go discréideach laistigh de gharrán Daire Thoilm.

Tuigtear go forleathan go bhfuil gá na háiseanna ag Baile an Ásaigh a uasghrádú, Dún na hArmlainne a oscailt agus droichead a thógáil chuig na Gairdíní Cuimhneacháin.

## Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (Osi)

Tá dhá ghné ar imeall OSi a chuirfeadh go mór le heispéireas cuairteoirí chuig OSi:

- An teorainn há-há mórthimpeall OSi atá ar chomhaois le Teach Mhoinseoighe agus atá ina ábhar spéise ag cuairteoirí chuig OSi. Sampla maith é seo ach is gá an móta a ghlanadh amach.
- Tá geata coisithe ar chúl a bhfuil athchóiriú saineolach agus péinteáil de dhíth air.

## Phibsboro Village Tidy Towns

**Eagraíocht phobail is ea Phibsboro Village Tidy Towns. Tá an aighneacht ar aon dul leis an teimpléad ón Chomhaontas Glas.**

## Wild Awake & Phoenix Forest School

**Is aidhm do Wild Awake Education díonacht comhshaoil agus cultúrtha a chothú trí eispéireas ar choillte le haghaidh páistí, déagóirí agus daoine fásta.**
Tá an scoil ann ó 2015 agus tacaítear leis an ról dearfach bithéagsúlachta sa phlean. Cuirtear béim ar thábhacht Pháirc an Fhionnuisce ó thaobh oideachais maidir leis seo. Tacaítear le plandáil breise crann agus fiabhláthanna. Tá acmhainn i bPáirc an Fhionnuisce um fhiántas uirbeach a athchruthú, fuinneamh inbhuanaithe agus tearmann fiadhúlra le haghaidh ainmhithe agus daoine araon. Ba bhreá le Forest School a bheith páirteach san obair seo.

## 3.5 Eagrais Phoiblí / Gníomhaireachtaí Fo-Stáit

Sheol na heagrais phoiblí / gníomhaireachtaí fo-stáit seo a leanas tuairimí le linn an chomhairliúcháin; tá achoimre thíos agus freisin in 3.1:

### Bord Bia

**Is gníomhaireacht Stáit é Bord Bia, gur aidhm dó táirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta a chothú, agus a reachtáileann Bloom gach bliain.**
Tá fáilte roimh Athbhreithniú Straitéiseach Pháirc an Fhionnuisce agus ról Bloom maidir leis seo.

Tá Bloom bunaithe ar bhonn inbhuanaithe a réitíonn leis na haidhmeanna ag an Athbhreithniú Straitéiseach ó thaobh inbhuanaitheachta agus go háirithe maidir leis an Diméin atá mar chroílár aige.

Feictear áit le haghaidh Bloom laistigh den ionad nua cuairteoirí at Diméin Bhaile an Ásaigh agus ba cheart go dtabharfadh an suíomh aird ar ról Bloom.

Tugtar faoi deara gur dóichí go mbeadh achar urláir níos mó ag Bloom ná mar a léirítear agus go mbreathnófaí ar sheirbhísí a leathnú chun freastal ar imeachtaí mar atá leagtha amach. Iarrtar go ndéanfaí tionchar iomlán na tógála ar Bloom a mheas chun cur isteach nó cealú a sheachaint.

### Grúpa Réadmhaoine CIÉ

**Tá Grúpa Réadmhaoine CIÉ freagrach as réadmhaoin CIÉ ar fud na tíre, Stáisiún Heuston san áireamh.**
Tá spéis ag CIÉ anseo mar sholáthraí seirbhísí inbhuanaithe iompair phoiblí chuig pointí lárnacha ar fud na Páirce agus mar chomharsa ag 'Ceathrú Fáilte' Gheata na Páirce. Baineann cuid de na bearta suntasacha san Athbhreithniú Straitéiseach go díreach le Grúpa CIÉ.

Faoi láthair, tá máistirphlean á ullmhú ag CIÉ le haghaidh Stáisiún Heuston.

## 3.6 Cumainn Chónaitheoirí

Sheol na Cumainn Chónaitheoirí seo a leanas tuairimí le linn an chomhairliúcháin; tá achoimre thíos agus freisin in 3.1:

### Chapelizod Residents Association

Tá moltaí faoin Líne Láir doiléir agus fadhbach. Más gá feabhsú ar Ascaill Chesterfield, moltar crainn chnó a phlandáil seachas tuilleadh tarraingtí.

Tacaítear le hIonad Cuairteoirí Bhaile an Ásaigh agus nasc chuig Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh. Ba cheart don OPW foireann bheag a fhostú a rachadh chun tairbhe dóibh sa bhfadtéarma seachas obair a thabhairt amach chuig comhairleoirí.

### Deer Park Area Residents Association

In aghaidh srianta ar Ascaill Chesterfield Avenue mar gheall ar bhrú tráchta uaidh; is fearr busanna ísle leictreacha ná tointeáil gan tiománaí a tharraingeodh loitiméirí; tharraingeodh ionaid fáilte tuilleadh gluaisteán; tá na raonta rothar dainséarach; tá páirceáil go leor ar Ascaill Chesterfield fiú ar laethanta breátha samhraidh.

### The Georgian Village Residents Association

Ag tacú leis na moltaí ar an iomlán. Níl na srianta ar Ascaill Chesterfield ná ionad cuairteoirí gan pháirceáil praiticiúil. Ba cheart riachtanais úsáideoirí gluaisteán a aithint.

### Kilmainham Inchicore Network (KIN)

Is aidhm do Kilmainham Inchicore Network (KIN) freastal ar dhaoine, gnóthais agus grúpaí áitiúla maidir le gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil Inse Chór agus Chill Mhaighneann a fhorbairt.

Fáiltíonn KIN roimh an droichead coisithe ó Pháirc an Fhionnuisce go Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh, agus molann naisc bhreise chuig Príosún Chill Mhaighneann agus an Teach Cúirte, IMMA agus Dún Richmond.

Deir KIN go rachadh naisc agus ceangail idir na suíomhanna go léir i gCill Mhaighneann agus Inse Chór go mór chun tairbhe Eispéireas Cuartaíochta Pháirc an Fhionnuisce agus daoine atá ina gcónaí ins na ceantair sin.

### Kirkpatrick, Rockfield, Coolmine Residents Association

Easba rochtana ar an dtuarascáil. Is beag idirghabháil atá riachtanach, is gá feabhsú comharthaíochta agus ionad breise cuairteoirí agus oideachais, srianadh ar Ascaill Chesterfield fadhbach.

### Navan Road Community Council (NRCC)

Is grúpa pobail é NRCC a oibríonn ar son cheantar Bhóthar na hUaimhe maidir le ceisteanna tráchta, pleanála agus póilíneachta.

Déanann NRCC tagairt dá ról mar Pháirtithe Leasmhara Aitheanta i bPáirc an Fhionnuisce mar chuid de Phlean 2011 um Bainistiú Caomhantais Pháirc an Fhionnuisce.
Deir siad go raibh an comhairliúchán easnamhach ar iliomad cúiseanna.

Tá siad in aghaidh go mbeadh brabach ag an OPW ón bPáirc agus ó dheiseanna móra miondíola/caifé. Ba cheart an tIonad Cuairteoirí ag Diméin Bhaile an Ásaigh a choinneáil – is leor ionad beag amháin a réitíonn le saintréithe na Páirce. Ní bheadh structúr nua-aoiseach ag réiteach le hAscaill Chesterfield, na lampaí stairiúla, na lóistí gheata ná na leachta.

Bhíothas freisin in aghaidh seirbhís Bhus Átha Cliath sa Pháirc, áiseanna BBQ agus tuilleadh ceolchoirmeacha.

## Royal Canal Park Community Association

Is aidhm don Royal Canal Park Community Association cáilíocht na beatha dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i bPáirc na Canálach Ríoga a chosaint agus a fheabhsú.

Dar leo, tá fáilte i bprionsabail roimh na moltaí um uasghrádú na Páirce. Tá imní orthu, áfach, nach gcuirfí isteach ar shaintréithe na Páirce mar atá.

In 2018 bronnadh an Gradam Óir Idirnáisiúnta um Mórpháirceanna Uirbeacha ar an bPáirc. Is iad leagan amach, bainistiú agus traisidiúin na Páirce mar atá a bhuaigh an gradam sárurramach seo. Moltar gur gá cúram agus íogar maidir le moltaí um uasghrádú agus bheadh tairbhe le tuilleadh comhairliúcháin le pobail i gcomharsanacht na Páirce.

# 3.7 Ionadaithe Poiblí

Sheol na hIonadaithe Poiblí seo a leanas tuairimí le linn an chomhairliúcháin; tá achoimre thíos agus freisin in 3.1:

## Ciaran Cuffe MEP (iar-Chomhairleoir)

Tacaíonn leis an Athbhreithniú Straitéiseach ar an iomlán agus le móramh na moltaí. Ba cheart seirbhís bus a ligean ar ais sa Pháirc, gluaisteáin a shrianadh, athbhreithniú ar áiseanna do choisithe agus rothair, molann caifé agus rothair ar cíos ag Dún na hArmlainne, tuilleadh bínsí a sholáthar agus breis eolais faoin 'Dún Réalta', athbhreithniú ar BBQ a chosc, d'fhéadfaí na seanleithris ar Bhóthar na hOtharlainne a chóiriú, feabhsú ar áiseanna do mhadraí, na fo-dhlíthe as dáta agus gá um a n-uasdhátú.

## Cieran Perry Clr

Léiríonn easnamh an phróisis chomhairliúcháin. Iarrann go gcríochnófaí riachtanas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le hOrdú um Láthair Speisialta Chonláistí le haghaidh Pháirc an Fhionnuisce roimh aon dul chun cinn eile ag an bpointe seo. Mórimní maidir le méadú ar áiseanna miondíola agus páirceála.

'Tearmann ón gcathair' is ea Páirc an Fhionnuisce. Ní gá ach mionathraithe seachas mórathraithe bonneagair. In aghaidh athrú ar an mbealach isteach chun na Páirce mar a léiríodh ins na 'Pailliúin Fáilte'.

## Jack Chambers TD

Imní go ndéanann na moltai neamhaird ar ról tábhachtach stairiúil agus cultúrtha na Páirce; is gá breathnú cúramach ar aon athrú rochtana agus ba cheart riachtanais agus tuairimí cónaitheoirí a chur san áireamh i bplean um bainistiú réthaistil.

Imní maidir leis an mbrú um brabach le breis ceolchoirmeacha agus deiseanna pobail. Is gá moltaí níos soiléire san athbhreithniú.

## Joan Burton TD

Imní faoi ról *Fáilte Ireland* mar pháirtí leasmhar ainmnithe. Tacaíonn leis an nasc chuig Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh agus le moltaí Dhún na hArmlainne. Ach níl moltaí mórscála miondíola chun sochair na Páirce.

Ba cheart dul ar aghaidh le tionscnaimh forbartha eile agus béim a chur ar na ceangail láidre liteartha. Tá scóp um imeachtaí breise spóirt sa Pháirc. Tá togra maith um bealach isteach ag Cnoc Mhaolruain-Mount Sackville.

## John Walsh Clr

Tacaíonn le Dún na hArmlainne le caifé beag; nasc chuig Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh; nasc le staisiún traenach; ionad cuairteoirí ag Geata Chnoc Mhaolruain. Imní maidir leis an béim ar mhiondíol; feabhsú ar áiseanna sa Pháirc.

## Ted Leddy Clr ar son Oifig an Taoisigh Leo Varadkar

Fáiltíonn roimh Athbhreithniú Straitéiseach Pháirc an Fhionnuisce agus an Comhairliúchán; tacaíonn leis an gceathrú cuimhneacháin agus Dún na hArmlainne, eispéireas comhtháite cuairteoirí agus na feabhsaithe ag Geata na Cathrach. In aghaidh rófhorbairt, foirgnimh nua agus páirceáil san áireamh. Is gá a mheabhrú gur nasc tábhachtach bóthair Páirc an Fhionnuisce le haghaidh mórán comaitéirí i gceantar Bhaile Átha Cliath 15; ní cóir neamhaird a dhéanamh air seo sa phróiseas pleanála.

## Mary Fitzpatrick Clr

Bhí an comhairliúchán poiblí ar an Athbhreithniú Straitéiseach i bhfad ró-theoranta; easba feasachta imeasc an phobail; in aghaidh 'bithéagsúlacht sa Pháirc a choinneáil in aon rannóg amháin'. Moltaí iompair go maith ach cuid acu doiléir. Ba cheart foirgnimh reatha a mhaisiú agus a athligean don bhfoireann.

Molann eispéireas cuartaíochta ar líne. Tá imeachtaí miondíola sa Pháirc míchuí ar fad.

## Neasa Hourigan Clr

Rinne sí comhordú ar aighneachtaí ar son an Chomhaontais Ghlais agus sheol achainí. Feach 3.2 thuas.

## Roderic O'Gorman Clr

Ní cóir sochair reatha comhshaoil agus scíthe na Páirce a chailliúint in aon athrú; leithris agus áiseanna breise; tacú le Dún na hArmlainne agus nasc coisithe/rothair le Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh; tábhacht na Páirce maidir le fiadhúlra; céim síos é an cheathrú bithéagsúlachta; ba cheart rochtain trí Ascaill Chesterfield a choinneáil; is gá athbhreithniú ar áiteanna a dtagann coisithe agus rothair trasna ar a chéile.

Is gá gníomhú breise ag Comhairle Contae Fhine Gall leis an OPW maidir le Geata Bhaile an Ásaigh.

## Ruth Coppinger TD

Tá róbhéim ar dheiseanna miondíola ón turasóireacht; tá sé fíor-riachtanach saintréithe na Páirce a choinneáil; mórimní maidir le 'mórionad cuairteoirí' agus carrchlós buan sa láthair sin; fáilte roimh cheangail le Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh; ba cheart tábhacht stairiúil Dhún na hArmlainne a bhreathnú in aon athraithe ann; is ceart Páirc an Fhionnuisce a úsáid um mórimeachtaí anois is arís ach ar bhealach a thugann aird ar an bpobal áitiúil agus ar phríomhchuspóir na Pairce; is gá iompar poiblí chun na Páirce a leathnú; ba cheart an tréad fianna sa Pháirc a chothú agus spás a sholáthar dóibh.

## Tina MacVeigh Clr

Ceistíonn ceangail le Plean 2011 um Bainistiú Caomhantais; róbhéim ar thurasóirí seachas tábhacht stairiúil agus éiceolaíoch na Páirce; cad faoi naisc iompair chun na Páirce a fheabhsú; ceist faoin tuairim go bhfuil cuairteoirí ag iarraidh eispéireas músaeim/imeachta/miondíola; conas a chuirfear bac ar shreangshiopaí miondíola ó lonnú sa Pháirc.


## Marie Sherlock Clr

Míshásta leis an bpróiseas comhairliúcháin. Fáiltíonn roimh chaomhnú Dhún na hArmlainne agus an droichead chuig Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh. Imní faoi Bhus Átha Cliath a cheadú tríd an bPáirc mar bhainfeadh sé ó shaintréithe na Páirce. Breis eolais ag teastáil faoin ionad nua cuairteoirí agus in aghaidh miondíola agus ró-fhorbairt sa Pháirc. Fáiltíonn roimh iarrachtaí chun feasacht faoin bPáirc a ardú.

## Emer Currie Clr

Caithfear athbhreithniú a chothromú le riachtanais chónaitheoirí in D15 agus ceantar leathan Bhaile Átha Cliath. Imní faoi easba comhairliúcháin leis an bpobal áitiúil. Ceist faoi thrácht comaitéara a shrianadh gan roghanna eile a sholáthar. In aghaidh Bus Átha Cliath ag oibriú tríd an bPáirc. Imní faoi rófhorbairt na Páirce. Tacú le Dún na hArmlainne agus droichead chuig Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh. Ba cheart na moltaí uile a chur chun cinn i gcomhairle leis an bpobal áitiúil.

# Aguisín 1
## Scaipeadh Domhanda Freagraí





# Aguisín 2
# Ceisteanna ag Éirí agus Céatadáin

Is achoimre an tábla thíos ar an tábla Excel a úsáideadh san anailís seo. Tá na téamaí thíos ar aon dul leo siúd atá faoi thrácht san anailís ghinearálta.

| Téamaí | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| Caomhnaigh saintréithe na Páirce mar atá faoi láthair, neamhfhoirmiúil agus leath-fhiáin. | 290 | 25.9% |
| Tá an Pháirc rí-thábhachtach mar spás / scámhóg ghlas don chathair. Is ceart an oidhreacht nádúrtha a chaomhnú / bithéagsúlacht a chosaint / crainn agus plandaí breise a phlandáil. Deis iontach um ghníomhú aeráide. | 215 | 19.2% |
| In aghaidh an Pháirc a rófhorbairt agus a thráchtálú, agus in aghaidh 'spás glas' a chailliúint | 214 | 19.1% |
| Tacú le laghdú ar úsáid na Páirce mar bhealach feithiclí (maolú luais, srianadh rochtana i bpáirt, bainistiú breise tráchta, teorainneacha luais a fheidhmiú) | 162 | 14.5% |
| In aghaidh láithreacha miondíola agus caifé a leathnú ar an iomlán | 153 | 13.6% |
| In aghaidh spásanna breise páirceála ((e.g. carrchlós buan Bloom) | 152 | 13.6% |
| Áiseanna breise de dhíth, leithris ach go háirithe ach boscaí bruscair agus scairdeáin uisce freisin. | 112 | 10.0% |
| Tacú le moltaí maidir le Dún na hArmlainne agus tuilleadh áiseanna oiriúnacha. | 100 | 8.9% |
| Tacú le tograí um iompar inbhauaithe – iompar poiblí, tointeála leictreacha, nó rochtain ar iarnród nó síneadh ar an Luas. | 97 | 8.7% |
| Fáilte roimh áiseanna do choisithe agus lucht rothair a fheabhsú (deisiú dhromchla, cosáin bhreise, trasnáin, bainistiú breise um shábháilteacht, stáisiúin bhreise Dublin Bike agus láithreacha cíosa). | 91 | 8.1% |
| Tacú le nasc coisithe / rothair taobh theas na Life (e.g. droichead coisithe / Garraithe Náisiúnta Éireann um Chuimhneachán Cogaidh nó Baile Uaitéir). | 87 | 7.8% |
| Ba chóir don Athbhreithniú díriú níos mó ar mhuintir na hÉireann seachas turasóirí um 'tháirge turasóireachta' nó brabach. | 87 | 7.8% |
| Bhí an próiseas comhairliúcháin easnamhach ( ró-ghairid, struchtúr agus léiriú míchruinn, gan apn phlean iomlán ar fáil ar líne etc.). | 79 | 7.0% |
| Thacaigh cuid de na tuairimí leis an bplean maidir le prionsabail agus próiseas. | 50 | 4.5% |
| In aghaidh an togra um ionad cuairteoirí ag bealach isteach na Páirce (an pailliún ach go háirithe). | 42 | 3.7% |
| Ar an iomlán in aghaidh Ascaill Chesterfield a dhúnadh agus in aghaidh aon laghdú ar thrácht a imreodh ar chomaitéirí ach go háirithe. | 41 | 3.7% |
| In aghaidh na dtograí um Ionad Cuairteoirí ag Baile an Ásaigh. | 26 | 2.3% |
| Ba cheart áiseanna inrochtana do chách a sholáthar. | 22 | 2.0% |
| Tacú le breis eolais, comharthaíochta agus treoraithe ach aird a thabhairt ar shaintréithe na Páirce. | 11 | 1.0% |
| Tacú le caifé agus uasghrádú áiseanna, go háirithe ionad fáilte, ag teacht le scála agus saintréithe na Páirce. | 8 | 0.7% |

**Brady Shipman Martin**

**BAILE ÁTHA CLIATH** Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6, +353 1 208 1900
**CORCAIGH** Ionad Gnó Ché Penrose, Cé Penrose, Corcaigh, +353 21 242 5620
**LUIMNEACH** 11 An Corrán, Luimneach, +353 61 315 127

# Nótaí

# Nótaí

Oifig na nOibreacha Poiblí

Ceannoifig, Sráid Jonathan Swift, Baile Átha Troim, Co. na Mí, C15 NX36

Fón: (046) 942 6000 / 0761 10 6000
LoCall: 1890 213 414
Faics: (046) 948 1793
Ríomhphost: info@opw.ie

**www.opw.ie**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland